

CUISLE

Eagrán 1

DEIREADH FÓMHAIR 1998

£1.50



Domhnall Ó Lúbhlaí
NÍ LEOR DO THOST



Scannal Gnéis Sna Coláistí Samhraidh

Sex abuse scandal rocks summer colleges



MAGGIE O'KANE

"NÍ FÉIDIR LIOM SCRÍOBH FAOIN TUAISCEART"

KEVIN MYERS BOCHT
RÉIGIÚIN GAN CHUMHACHT
AN TAJ MAHAL

BÉAL BEO



“An difríocht idir cluiche ceannais na gclubanna agus cruinniú boird? Ar an gcéad dul síos níl cead caipín slándála a chaitheamh ag cruinnithe boird.”




Má tá moladh le cur roimh do chomhghleacaithe agat, cabhróidh muid leat lena chinntiú nach mbeidh lúb ar lár ann.

SÉ BHUR nGNÓ ÁR nGNÓ

Buail isteach chugainn ag brainse AIB ar bith

www.aib.ie





CUISLE

An tEástát Tionsclaíochta,
Casla, Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Riomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:

Uinsíonn Mac Dubhghaill

Riarthóir:

Mary Ellen Ní Chualáin

Tuairisceoir:

Diarmuid Johnson

Bainisteoir Fógraíochta:

Aisling Ní Dhiomasaigh

Cúntóir (don chéad eagrán):


Dearbhla Ní Lúbaigh

Dearadh le:

Caomhán Ó Scolaí

Clóchur:

Kilkenny People



Arna fhoilsiú ag Foilseacháin an Phobail Teo, Casla, Co na Gaillimhe, le tacaíocht Bhord na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta.

Buíochas le chuile dhuine a chabhraigh linn preabadh a chur i gcróí Cuisle. Focal buíochais ar leith do Éamonn Ó hArgáin, Maeabh Ní Chatháin, Tadhg Ó Conghaile, Pádraig Ó hAoláin, Máire Seo Breathnach, Sairí Ní Fhátharta, Seán Ó Conghaile, Joe O'Shaughnessy, Aongus Cullinan, Bob Quinn, Dara Ó Baoighill, Martina Goggin agus muintir Chrónáin.

San eagrán seo:

FIOSRÚCHÁN GNÉIS 'AG DRUIDIM CHUN DEIRIDH'

Gardaí are investigating sex abuse claims at a number of Irish summer colleges. Tuairisc speisialta le Uinsíonn Mac Dubhghaill 10

BRISEADH NA MÚNLAÍ

Deirdre Ní Ghrianna talks to Jane Morrice, one of two women elected to the Northern Ireland Assembly for the Women's Coalition 25

CÁ BHFUIL AN TIONTAS?

Maggie O'Kane on why she can't write about the North 16

RÉIGIÚNACHAS

Ní í lár an aonaigh atá an Ghaeltacht, a deir Gearóid Ó Tuathaigh 12

EADRINN

La gloire de la République Kevin Myers bocht Biúró na dTeangacha le dúnadh? 6

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin takes a new look at sean-nós 26

LEAGAN CAINTE

Liam Mac Con Iomaire says it's up to you 32

FÓCAS NA MÍOSA


Cé hé Domhnall Ó Lúbhlaí? 14

TEANGA

Blianta deiridh na Briotáinise. The last days of the Breton tongue. Tuairisc speisialta le Diarmuid Johnson 19

FÉASTA NA FÍSE

TnaG's autumn schedule 20



MONICA NOCHTAITHE

Ceann de na pictiúirí sa taispeántas 'Ealaín ar Chriathrach' ag Féile an Phléaráca 38

SÚIL ADUAIDH

People power, not repressive legislation, stopped the Real IRA, writes Seán Mag Uidhir 15



HAIGH! IS MISE RUA.

TÁ MÉ AR LEATHANACH 34

Ar mhaith leat síntiús bliana saor in aisce?

CUISLE

Chugat gach mí go dtí an bhliain 2000

Líon isteach an ceistneoir ar leathanach 36

"Id' shuí anseo, ní chreidfeá ariamh gur i lár na hEorpa atá muid."

Aisling Joyce (18) Mac léinn tíreolaíochta



Ag Foghlaim

le Comhdhálaíochta Fíréin

Cabhraíonn clár Scoileanna Aois an Eolais de chuid Theicom Éireann le gné nua foghlamtha a thabhairt do chuile pháiste scoile in Éirinn.

Gealltanas £15 milliún Theicom Éireann a chuirfidh na huirlisí riachtanacha ar fáil do gach scoil sa tír le lántairbhe a bhaint as buntáistí Aois an Eolais.

B'iad na comhdhálaíochta fíréin a thug deis do dhaltaí Ghairmscoile Éinne ar Inis Mór bheith i lár an aonaigh, ag cur na gceisteanna ar TDEanna sa Pharlaimint Eorpach i Strasbourg ag seisiún speisialta Ceisteanna agus Freagraí.



Domhnall Ó Lúbhlaí – ní leor do ‘chloigeann a choinneáil síos’

SCÉAL MÓR i mbéal phobal na Gaeilge faoi láthair is ea na líomhaintí maidir le mí-úsáid gnéis ar pháistí a d'fhreastail ar choláistí samhraidh de chuid Choláiste na bhFiann tráth (féach leathanach 10).

Is díol inní iad na líomhaintí do thuismitheoirí ar fud na tíre a chuir a gcuid páistí chuig na coláistí samhraidh seo, agus chuig coláistí samhraidh eile, i rith na mblianta.


Tá inní ar lucht na gcoláistí samhraidh trí chéile faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid de líomhaintí ar mheon an phobail i leith na gcoláistí. Sa chomhthéacs seo, is mairg nach bhfuil tada le rá ag Domhnall Ó Lúbhlaí faoin scéal.

Is mairg mar gurbh é Domhnall Ó Lúbhlaí a bhunaigh Coláiste na bhFiann tríocha bliain ó shin i 1968. Ar feadh i bhfad ba é Domhnall Ó Lúbhlaí Coláiste na bhFiann agus ba é Coláiste na bhFiann Domhnall Ó Lúbhlaí.

Níl aon fhear beo i saol na Gaeilge is mó a chuaigh i gcion ar aos óg na tíre le daichead éigin bliain. Ó na 1950í ar aghaidh, nuair a thosaigh sé ag plé le scoláireachtaí trí mhí Ghael-Linn, bhí tionchar mór aige ar na mílte buachaillí is cailíní óga. Chuaigh feabhas a chuid múinteoir-eachta i bhfeidhm orthu nuair a tháinig siad ina sluaite bliain i ndiaidh bliana le freastal ar choláistí samhraidh Choláiste na bhFiann. Spreag sé dílseacht neamhghnáthach ina measc le cumhacht a phearsantachta agus lena theachtairachtaí láidre réabhlóideacha faoin tír agus faoin teanga.

Ní i gColáiste na bhFiann amháin a bhí tionchar aige ar dhaoine, áfach. Chuaigh sé i gcion ar na céadta gasúr scoile le linn a thréimhse mar mhúinteoir Gaeilge i gColáiste Chillian i gCluain Dolcáin agus i

scoileanna eile sa cheantar – Moyle Park College agus Dean's Park Community College. Tá cuimhne ag go leor iarscoláirí dá chuid ar an gcur



Bunaitheoir Choláiste na bhFiann,
Domhnall Ó Lúbhlaí

chuige beoga, paiseanta – agus, in amanta, borb – a bhíodh aige sa seomra ranga.

Slat tomhais amháin ar an gcaoi ar éirigh leis dul i bhfeidhm ar dhaoine gur chuir suas le hochtar Rúnaithe Ranna Rialtais a gcuid gasúr féin chuig Coláiste na bhFiann. D'éirigh leis tacaíocht a fháil ó pholaiteoirí sinsearacha ar nós Mháire Geoghegan-Quinn, Phádraig Flynn agus Albert Reynolds: chuir cuid acu a gcuid gasúr chuig Coláiste na bhFiann chomh maith.

Sa chomhthéacs seo ar fad, is mairg nach bhfuil Ó Lúbhlaí sásta aon rud a rá – go háirithe leis na hógánaigh a ghlac treoir uaidh tráth.

Le tamall anuas tá sé ina chónaí leis féin in árasán i lár tíre. Nuair a ghlaigh *Cuisle* air dúirt sé go raibh sé ag obair ar dhá leabhar, ceann ar stair na teanga agus ceann ar mhúineadh na Gaeilge.

Dhiúltaigh sé agallamh a

thabhairt dúinn faoina shaol mar cheannródaí ar ghluaiseacht na Gaeilge. Dhiúltaigh sé aon cheist a fhreagairt ná aon tuairim a nochadh maidir leis na líomhaintí. “Tá sé chomh maith agam coinneáil leis an rud a gheall mé dhom fhéin agus an cloigeann a choinneáil síos,” a dúirt sé.

Ní leor seo. In am seo na héiginnteachta do Choláiste na bhFiann, do na coláistí samhraidh trí chéile, don chúis ar chaith sé a shaol ag plé leis – athréimniú na teanga – ní leor an tost a thuilleadh.

Tá focail de dhíth, a Dhomhnaill. Tá ceisteanna go leor á gcur ag na buachaillí agus ag na cailíní a mhúin tú, agus ní bheidh siad sásta go dtí go bhfreagróidh tú na ceisteanna sin.

In ainm gach a gcreideann tú ann, labhair linn, scríobh chugainn, cuir facs chun bealaigh. Foilseofar aon litir a chuireann tú chugainn focal ar fhocal, nó déanfar cur síos beacht agus iomlán ar aon agallamh a thugann tú dúinn. Ní dhéanfar aon athrú ach amháin ar comhairle dlí.

Idir an dá linn, tá ceisteanna go leor eile le freagairt ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán agus ag an Roinn Oideachais – an dá roinn a bhíonn ag plé leis na coláistí samhraidh.

An bhfuil siad sásta go bhfuil cód cleachtas agus córas monatóireachta cuí i bhfeidhm ag gach aon choláiste samhraidh sa chaoi is gur féidir le thuismitheoirí muinín iomlán a chur iontu an samhraidh seo chugainn? Céard iad na céimeanna atá á mbeartú acu lena chinntiú go mbeidh an mhúinín sin ann?

Faoi láthair ní chuirtear na ceisteanna seo ach os íseal. Faoi cheann roinnt míonna, áfach, tá seans ann go mbeidh chuile nuachtán sa tír ag cur na gceisteanna céanna.

Biúró na dTeangacha le dúnadh?

TÁ FÓGRA SCOIR tugtha d'fhoireann an Bhiúró Eorpaigh um Theangacha Neamhforleathana, agus meastar go ndúnfar an biúró an mhí seo muna mbeidh réiteach sealadach ann ar a ghéarchéim airgeadais.

Thosaigh an ghéarchéim níos luaithe i mbliana nuair a chuir an Coimisiún Eorpach stop le maoiniú an bhiúró, i measc cuid mhaith áisínteachtaí eile, ar comhairle dlí.

B'amhlaidh gur thug Cúirt Eorpach an Chirt breith ar an 12 Bealtaine 1998 maidir le cas a chuir Tóraithe Shasana faoina mbráid roinnt blianta ó shin. Bhí na Tóraithe ag iarraidh deireadh a chur le caiteachas an Choimisiúin ar chlárracha in aghaidh an bhochtanais.

B'é an toradh a bhí ar an mbreith ná gur chuir an Coimisiún bac ar suas le céad "líne buiséid" arbh fhiú £720 milliún iad. Bhain siad le gníomhaíochtaí éagsúla in aghaidh an chiníochais agus an bhochtanais chomh maith le cláracha chun teacht i gcabhair ar sheandaoine nó daoine eile a bhíonn faoi mhíbhuntáiste ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Bhí maoiniú bhiúró na dteangacha ina measc.

Go gairid ina dhiaidh sin d'ardaigh an Coimisiún an bac a chuir sé ar os cionn leath de na línte buiséid. Fanann cuid eile sa "reoitheoir", áfach. Ina measc tá buiséad na dteangacha neamhforleathana (£3 milliún); feachtas in



Lán na scámhóg . . . Mattie Joe Shéamais, fear Lán a' Mhála ar RnaG, Dé Máirt, 6.30 p.m.

aghaidh drugaí (£1 milliún); agus clár chun dul i ngleic leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na bpáistí (£2.4 milliún).

Léiríonn an ghéarchéim bunlaige struchtúrtha i gcomhdhéanamh an Aontais Eorpaigh. Cé go bhfuil aontas eacnamaíoch ann, níl bonn dlíthiúil láidir faoi chuid mhaith de gníomhaíochtaí sóisialta an AE.

Croí folamh atá ag bualadh i gceartlár na himpireachta nua, is léir.

Sceideal RnaG

AR SCEIDEAL an fhómhair ar RnaG beidh Seosamh Ó Cuaig agus Norita Ní Chartúir le clos arís ar *Adhmhaidin* agus *Do Bharúil* faoi seach. Beidh *Seán Ó Héalaí* ag déanamh cion fir ar son Mhuigh Eo ó Mháirt go hAoine, 10.30 a.m.

Más muga maga agus racht gháirí atá uait, tabhair cluais do *Mheascán Mearaí* le Giarán Ó

Fátharta agus a chairde scanlúnacha.

Sin cuid den sean. Seo cuid den nua: an clár *Idirlíon* (henseya@rte.ie) le hÁine Hensey, Dé Luain 10.30 a.m.; *An tAmhránaí* le Ciarán Ó Fatharta, Dé Luain 3.30 p.m. Cloisfear amhránaithe ar an sean nós ó chartlann RTÉ ar an gclár.

Cuir san áireamh freisin *Barrscéalta* le hÁine Ní Chuirreáin ó Thír Chonaill, á léiriú ag Séamus Mac Géadaigh óna 11 go dtí a 12.30 p.m. i rith na seachtaine.

- Gach bliain eagraíonn RnG *Réalta*, comórtas amhrán nuachumtha, agus tá glacadh feasta le hiarrataisí do Réalta 99. An 23 Deireadh Fómhair an sprioc. £1,000 an chéad duais.

An Tacht Teanga

REACHTÁLADH sraith cruinnithe ó Mháirta go hAibreán seo caite ar fud

na tíre le hAcht Teanga a phlé agus a chíoradh. Le déanaí, tar éis do chách machnamh a dhéanamh faoinar dúradh agus faoinar moladh i rith na gcruinnithe seo, d'fhoilsigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge *Plécháipéis maidir le hAcht Teanga/Towards a Language Act*.

Scór go leith leathanach téacs atá ann, maille le focal ón uachtarán, Pádraic Mac Donncha. Ar na coda atá sa gcáipéis tá: An Comhthéacs Ginearálta, Scóip an Achta Teanga, An Bunús don Acht Teanga, Leagan Amach an Achta, agus Cur i bhFeidhm an Achta.

"Más mall is míthid," arsa Pádraic Mac Donncha, ag tagairt dó do theacht an Achta. I dtús na cáipéise tá tagairt don "neamart i soláthar seirbhísí" do lucht na teanga. Is rud riachtanach atá san Acht Teanga, faoi mar a deir plécháipéis na Comhdhála.

Tá dualgaisí faoi leith ar an stát i leith na Gaeilge, de réir an bhunreacht, ach

tá moltaí ag an gComhdháil maidir le dualgaisí ba cheart a bheith ar eagraisí san earnáil phríobháideach.

Maidir le bancanna, cumainn fhoirgníochta, comhlachtaí árachais agus eagraíochtaí gnó, moltar, i measc rudaí eile, “go gcuirfear dualgas orthu a gcuid seirbhísí a bheith ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.”

La gloire de la République

CÉN FÁTH i ndáiríre nach ndeachaigh an tUachtarán chuig Taispeántas na gCapall i mBaile Átha Cliath mí Lúnasa?

Chuir Máire Mhac Giolla Íosa gliondar ar go leor daoine nuair a d'fhan sí thuas i nGleanncholmcille ag foghlaim Gaeilge ar chúrsa de chuid Oideas Gael, in áit filleadh ar an bpríomhchathair chun trófaí an Aga Khan a bhronnadh. Teachtaireacht láidir ar son na teanga a bhí ansin.

Chuir sí olc ar bhroicíní Bhleá Cliath 4 ag an am céanna. Cineál bónas breise an méid sin.

Ach cén fáth i ndáiríre nach ndeachaigh sí ann, taobh amuigh dá dúthracht phearsanta i leith na teanga?

Is é an scéal atá ag gabháil thart ar Ros Treabhair — an áit ina mbíodh cónaí uirthi, ar a fear céile Martin agus ar a triúr gasúr — ná go bhfuil míniú i bhfad Éireann níos simplí ná sin ar fáil.

Fear é Martin nach bhfuil aon éirí in airde ag baint leis. Ní maith leis cultacha galánta a chaitheamh



An tUachtarán Máire Mhac Giolla Íosa

rómhinic.

Baineadh geit as, mar sin, agus as Máire s'againne, nuair a thug lucht eagraithe an *Horse Show* le fios d'oifig an Uachtaráin go mbeadh iachall ar a fear céile *morning suit* a chaitheamh ag ócáid an bhronnta.

Dhiúltaigh Martin cur suas lena leithéid de sheafóid, agus thacaigh Máire leis. Chuir sí in iúl do na broicíní gur uachtarán ar *phoblacht* a bhí inti agus nár chás léi *regalia* na himpireachta. Chuaigh an caidreamh eatarthu in olcas ina dhiaidh sin.

Aodhacht Litríochta

Tearmann na gColúr
Aodh Ó Canainn
Cló Iar-Chonnachta 1998

FOILSÍODH *Tearmann na gColúr* le hAodh Ó Canainn le deireanas. Seo í an cúigiú leabhar leis, úrscéal ina mbaineann sé 'leas as modhanna úra le saol na cathrach a chuimsiú'.

Tráthach agus caothúil go leor, is 'don mhuintir a bhí riamh ar son na síochána' atá tíolacan an leabhair. Scéal triúir atá ann, beirt fhear agus bean,

scéal a bhfuil baint freisin ag 'neamhdhuine de thuairisceoir sa bpríomhchathair' leis.

Léargas ar shaol na cathrach agus ar intinn an duine i dtuaisceart na hÉireann.

Jab do Jeaic

COMHGHAIRDEAS le Jeaic Ó Muircheartaigh, bainisteoir nuacheaptha réigiúin Raidió na Gaeltachta i gCúige Mumhan. “Cur leis an mbunchloch atá ann cheana, agus tógainn ar an bhfreastal de réir mar a bhíonn acmhainní againn,” an aidhm a chuireann sé roimhe. Beidh jab aige, go háirithe i bhfianaise an réabadh a rinne Raidió Chiarraí ar lucht éisteachta ‘nádurtha’ RnaG i gCorca Dhuibhne le blianta beaga anuas.

Duine de na hiarrthóirí ab óige ar an bpost a roghnaíodh — tá 36 bliana slánaithe ag an Muircheartach. Rud a léiríonn, b'fhéidir, go dtuigeann bainistíocht an stáisiúin gur gá iarracht mhór a dhéanamh le cuid de na héisteoirí óga a chaill RnaG ó dheas a mhealladh ar ais.

Cuireadh fáilte ó dheas roimh aiséirí an chláir réigiúnda ar sceideal nua RnaG. Ná bac leis, muna bhfuil ann ach na *pampooties*, an tobac agus an píopa a thabhairt ar ais don chorpán. Preab 10,000 volt idir an dá chluas a theastaíonn má táthar chun an dé a choinneáil

Jeaic Ó Muircheartaigh: bainisteoir nua-cheaptha


ann. An é Jeaic an mac chuige sin?

Ualach an Fhir Ghil

KEVIN MYERS bocht. Ní ligeann colúnaí cróga an *Irish Times* do na fíricí teacht idir é agus a chuid claonta ciníoch. Níl sé i bhfad ó shin ó scaoil sé tufóg eile i dtreo Teilifís Michael D. Lorean, á rá nár chóir aon phingin eile a chur amú ar an eileafant bán “ar an mbóthar go Carna”.

Le tamall de mhíonna anuas tá Máire Ní Chonláin as Gaelmedia ag tathaint ar Chaoimhín s'againne a chuid viosanna a chur in ord, instealladh i gcoinne malaria a fháil agus *expedition* beag Cois Fharraige a dhéanamh le scéal na teilifíse a iniúchadh ar an talamh. Rud nár mhiste, cheapfá, go háirithe ós rud é go bhfuil fonn chomh mór sin air scríobh faoin diabhal rud.

Ach, mo léan! Diúltaíonn sé i gcónaí cuairt a thabhairt ar an Síbín sóchúil úd ar an gcósta thiar.



Bliain eile 'cailte' ag meánscoil Bhaile Átha Cliath

Le Dearbhla Ní Lúbaigh LE SÉ BHLIANA anuas, tá coiste tuismitheoirí in iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath ag obair go deonach chun meánscoil lán-Ghaeilge a bhunú sa cheantar. Cé go raibh an coiste beagnach cinnte go dtosódh an scoil i mbliana, níor éirigh leo é sin a bhaint amach.

Bhí suíomh aimsithe acu don scoil i mBaile Hearman, in aice le Scoil Neasáin, ach d'fhógair an rannóg pleanála sa Roinn Oideachais go raibh an suíomh sin ró-bheag, agus nach mbeadh sé oiriúnach don scoil dá bharr.

Tá ceithre ghaelscoil (bunscoileanna) in iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath: Gaelscoil Míde, Scoil an Duinnínigh, Scoil Neasáin agus Gaelscoil Cholmcille. Críochnaíonn thart ar 100 páiste sna scoileanna sin chuile bliain.

Dar le Ré Ó Ceallaigh, cathaoirleach an choiste atá ag iarraidh an scoil a bhunú, go bhfuil an-suim ag tuismitheoirí na bpáistí seo iad a chur ar aghaidh chuig iarbhuscoil lánGhaeilge. "Táimid ag iarraidh scoil a thabhairt ar an saol chun freastal ar phobal na Gaeilge sa cheantar," a deir sé.

Mar atá sé faoi láthair, tá trí rogha ag na páistí tar éis dóibh an bhunscoil a fhágáil. Is féidir leo dul go

bhfadhb seo, dar leis an gcoiste, ná meánscoil lánGhaeilge a bhunú sa



Coláiste Mhuire ar Chearnóg Pharnell, go Scoil Chairfona i nGlasnaíon, nó freastal ar mheánscoil Bhéarla.

Deir Ré Mac Mánaís, príomhoide Gaelscoil Míde i gCill Bharróg, go bhfuil go leor tuistí nach bhfuil sásta páistí a chur ar scoil i lár na cathrach, mar gheall ar chúinsí slándála. "Do dhaoine gur spéis leo dul ar aghaidh chuig iarbhuscoileachas lánGhaeilge, tá sé an-achrannach orthu teacht air ón cheantar seo."

Faoi láthair, ní théann ach 17% de lucht na ngaelscoileanna seo ar aghaidh chuig iarbhuscoileachas lánGhaeilge. Is é an t-aon leigheas atá ar an

cheantar.

Admhaíonn Liam Arundel, príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Bhaile Átha Cliath, go bhfuil sé thar a bheith deacair ionad don scoil a aimsiú.

"Níl suíomh ar fáil ar phraghas réasúnta sa cheantar, mar go bhfuil praghasanna seilbhe chomh hard sin," a deir sé. Fiú dá mba rud é go raibh an suíomh i mBaile Hearman sách mór don scoil, ní leigheas fadtéarmach é mar ní bheadh sé ar fáil ach ar feadh tréimhse cúig bliana.

"Ba mhaith linn ionad oiriúnach lánaimseartha a aimsiú don scoil chun go bhféadfadh an scoil tosú an bhliain seo

chugainn. Ach chun a bheith réadúil faoi, mura bhfaighimid suíomh ceart, ní bhéidh aon scoil ann," a deir Arundel.

I láthair na huaire, de bharr go dtuigeann an Roinn Oideachais go bhfuil an-éileamh ar an scoil, tá siad chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ionad i mBaile Hearman.

Ag cruinniú ag tús an tsamhraidh, dúirt feidhmeannaigh ón Roinn nach raibh siad i gcoinne na scoile i bprionsabal, ach ionad oiriúnach a bheith aimsithe. Níl sa suíomh atá aimsithe ag an gcoiste ach 1.2 acra, agus toisc gur foirgnimh réamhdhéanta a bheadh i gceist, ní fhéadfaí an dara stór a chur ann.

Dar le hurlabhraí na Roinne Oideachais gur gnách go mbíonn suíomh scoile idir 8 agus 10 acra. Deir an Roinn Oideachais agus an Coiste Gairmoideachais go bhfuil siad chun a ndícheall a dhéanamh féachaint chuige go mbeidh suíomh oiriúnach ann don bhliain seo chugainn.

Idir an dá linn, tá bliain eile "cailte" ag na páistí ar mhaith leo freastal ar a leithéid de scoil. Níl mórán rogha acu ach iompú ar an iarbhuscoileachas Béarla.

ant e a thuig i saol saol fóinn

Bhí tuiscint riamh in Éirinn ar an Saol Fò Thoinn agus is é John Philip Holland as Lios Ceannúir i gCo. an Chláir a cheap an chéad fhomhuireán ón saol seo a chonaic Manannán.

Bhí dearcadh ar leith ag Holland, a dhearcadh féin, dearcadh an Éireannaigh. **Is dream ar leith muintir na hÉireann agus is stáisiún leithleasach teilifíse TnaG.** Stáisiún ar aon mheon linn féin, stáisiún a bhfuil an dearcadh ar leith sin aige - an dearcadh Éireannach.



TnaG. Briseann an dúchas.



A detailed garda investigation into allegations of child sexual abuse in a number of Irish summer colleges has been completed, and a file will be sent to the Director of Public Prosecutions shortly. Uinsíonn Mac Dubhghaill reports.

Fiosrú ar mhí-úsáid gnéis 'ag druidim chun deiridh'

Buille mór á thuar do na coláistí samhraidh

TÁ FIOSRUCHÁN cuimsitheach na ngardaí faoi líomhaintí maidir le mí-úsáid gnéis ar pháistí i roinnt coláistí samhraidh "ag druidim chun deiridh", a deir foinsí éagsúla le *Cuisle*. Meastar go gcuirfear comhad chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí go han-luath, ach ní fios go fóill cén uair a dhéanfaidh seisean cinneadh faoin scéal.

I láthair na huaire tá brú mór ar sheirbhísí dlí an Stáit mar gheall ar fhiosrúcháin éagsúla faoi líomhaintí tromchúiseacha i mórán réimsí den saol. Baineann cuid de na fiosrúcháin sin le líomhaintí gnéis ach baineann cuid eile le líomhaintí faoi choireanna eile. De bharr an

bhrú oibre sin, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh oifig an DPP in ann an comhad a phróiseáil go ceann i bhfad - ainneoin an raic a tharla cheana faoin moill ar chás an Athar Brendan Smyth.

Idir an dá linn, tá imní mhór ar lucht na gcoláistí samhraidh faoin tionchar a bheas ag an bhfiosrúchán - agus ag na scéalta éagsúla mar gheall air atá ag gabháil thart le tamall anuas - ar na coláistí an bhliain seo chugainn. Ceann de na tionscail is substaintiúla sa Ghaeltacht is ea iad; freastalaíonn suas le 23,000 páiste orthu gach samhradh agus meastar gur fiú £10 milliún iad d'eacnamaíocht na

Gaeltachta gach bliain.

Má thógtar aon chás de bharr an fhiosrúcháin, beidh ceisteanna móra á gcur ag tuismitheoirí ar fud na tíre faoi cé chomh 'sábháilte' is atá na coláistí samhraidh. Léireoidh na meáin chumarsáide náisiúnta suim mhór sa scéal.

Tar éis an tsaoil, nuair a chuireann tuismitheoir buachaill atá ag teacht in inmhe fir - nó cailín atá ag teacht in inmhe mná - go dtí an taobh eile den tír ar feadh trí seachtainí sa samhradh bíonn imní air faoin méid a tharlaíonn ann. Cuireann na tuismitheoirí muinín sa dream a ghlacann a bpáistí ar lámh uathu, agus bíonn na caighdeáin

Na coláistí samhraidh atá ag Coláiste na bhFiann

DE RÉIR an eolais a chuirfeann Coláiste na bhFiann ar fáil don phobal, reachtálann an eagraíocht seacht gcoláiste samhraidh - i Ros Muc, Ráth Cairn, Ceatharlach, Béal Átha na Slua, Tuaim, Longfort agus an Chúil, Co na hIarmhí. Riail bhunúsach sna coláistí is ea go gcuirfear abhaile aon dalta a labhraíonn abairt iomlán as Béarla. Déantar

cur síos ar na cúrsaí mar seo leanas i leabhrán eolais Choláiste na bhFiann: *"Songs will be learned by heart. Quite a lot of memorising is done, to strengthen determination. We immerse the students in an atmosphere of Irish, rather than adopting a formal classroom approach. Throughout the course, lectures, discussions and*

debates are held on the objectives and methods of the reinstatement of the Irish language." Bunsraith don ógeagraíocht Cumann na bhFiann is ea na coláistí agus tá ballraíocht sa chumann teoranta dá n-iarscoláirí. Is í athréimniú na Gaeilge mar phríomhtheanga labhartha na hÉireann aidhm an chumainn.

COLÁISTE na bhFIANN

CHUIR *Cuisle* roinnt ceisteanna ar stiúrthóir Choláiste na bhFiann, Cairtriona Ní Cheallaigh. Fuair muid an freagra seo: "Fuair mé do chuid ceisteanna ar maidin, go raibh maith agat. Ónár dtaobhse de tá impleachtaí dlí ag baint leo agus sula bhfreagraím iad tá orm comhairle dlí a fháil. Tíocfaidh mé ar ais chugat a luaithe agus is féidir liom." Ceithre lá ina dhiaidh sin, agus muid ag dul i gcló, ní raibh aon fhreagra faighte againn ó Choláiste na bhFiann. Tuigtear dúinn, áfach, go bhfuil litir curtha amach chuig tuismitheoirí Choláiste na bhFiann a rá nach bhfuil aon "legal case to answer" ag an eagraíocht maidir le tuairiscí sna meáin chumarsáide le déanaí.

chothabhála is airde á n-éileamh acu.

Líomhaintí tromchúiseacha maidir le gníomhaíochtaí éagsúla i ndornán coláistí samhraidh i rith tréimhse 30 bliain atá á bhfiosrú ag na gardaí. Is é an tAonad Foréigin Tí agus Ionsaithe Gnéis ag an gceannáras ar Chearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath, atá i mbun an fhiosrúcháin.

Tuigtear gur cuireadh tús leis an bhfiosrú mí Eanáir seo caite nuair a fuair feidhmeannach de chuid Choláiste na bhFiann gearán ó iardhalta. Cuireadh an gearán ar aghaidh chuig na gardaí. Ó shin i leith tá fiosrúchán cuimsitheach déanta ag na gardaí ar gach gné de shaol oibre an fhir atá luaite leis an ngearán. Ní ag díriú ar na coláistí samhraidh amháin atá na gardaí.

Tuigtear dúinn go bhfuil beagnach tríocha gearán eile déanta faoin am seo ag fir éagsúla, cuid acu atá sna tríochaidí anois. Cuireann siad i leith an fhir go ndearna sé ionsaithe gnéis orthu nó gur bhain sé mí-úsáid gnéis astu nuair a bhí siadsan ina mbuachaillí.

Seanduine anois é an fear seo, ach deirtear gur mhúinteoir cumasach a bhí ann tráth den saol. Tá sé scartha óna bhean agus é ina chónaí thíos faoin dtuath. Tá aithne ag cuid mhaith gaeilgeoirí air in iarthar Bhaile Átha Cliath agus in áiteanna eile ar fud na tíre de bharr a chuid oibre "ar son na cúise" i rith na mblianta.

Thar tréimhse de bhlianta, meastar gur fhreastail suas le 40,000 páiste agus déagóir ar na coláistí a raibh baint ag an bhfear seo leo. Dá bhrí sin, ba fhiosrúchán cuimsitheach agus leathan a chuir na gardaí ar bun in ionaid éagsúla ar fud na tíre.

Fearg agus déistin ar phobal an bhruachbhaile

Le Caoimhe Young

TÁ POBAL láidir Gaeilge sa bhruachbhaile cathrach ina mbíodh cónaí ar an bhfear atá luaite leis na líomhaintí. Tá an pobal sin trína chéile go mór ó thosaigh eolas orthu ag gabháil thart sa cheantar. Is beag duine, áfach, atá sásta aon rud a rá go poiblí faoin scéal.

Dúirt iardhalta fir amháin dá chuid — dulne a raibh cairdeas mór aige leis an bhfear agus meas as cuimse aige dó — go raibh iontas agus fearg mhór air faoi na líomhaintí.

"Níl mé in ann é a chreidiúint," a dúirt sé, ag calnt i mBéarla dó. "Ní fhaca mé é le dhá bhliain anuas — ach ba bhreá liom teacht suas leis agus ceist a chur air céard a bhí ag dul trína cheann.

"An uair dheireanach a chonaic mé é bhí sé tar éis a bheith ag fulainnt leis an depression agus bhí sé an-tinn, mar sin chuaigh mé suas chuig an teach. Bhí ardmheas agam ar an bhfear i gcónaí agus tá sé seo tar éis an t-uafás a bhaint asam — agus as go leor daoine eile a chuir muinín ann.

"Seanchara scoile a d'inis an scéal dom agus dúirt sí liom gan aon iontas a bheith orm dá mbeadh aithne agam ar chuid de na daoine ar bhain sé dóibh. Thosaigh mé ag déanamh iarrachta cuimhneamh ar gach aon saghas ruda, féachaint ar chaill mé aon rud ba chóir dom a thabhairt faoi deara faoin gcaoi a raibh sé liomsa agus leis na leids eile.

"Ach níor thug mé aon rud aisteach faoi deara arlamh agus ní dhearna sé aon iarracht orm sa arlamh.

"Thugadh sé grúpa agallán leis go Muileann gCearr le haghaidh an deireadh seachtaine anois is arís. Ligeadh sé cead dúinn caitheamh sa charr agus cheap muide go raibh sé sin fíor-cool ag an am. Dá bhfaigheadh duine agallán pionta i gceann de na pubanna áitiúla ligeadh sé air féin nach bhfaca sé tada — b'aoibhinn linn imeacht leis."

De réir an iardhalta seo, bhíodh cáil ar fhoréigin ar an bhfear sa rang. "Ní bheadh sé de mhíneach ar éinne aon rud as air a dhéanamh sa rang. Ba mhúinteoir an-díleáil agus bhí a chuid tuairimí faoin gcéideamh an-dhiongbháilte."

'Rachadh sé chuig faoistin gach aon uair a rinne sé an mhí-úsáid gnéis.

Thabharfadh an sagart maithiúnas dó agus deireadh sé leis gan é a dhéanamh arís'

Thug cara leis cuairt ar an bhfear nuair a scaipeadh an focal faoin bhfear. "Ní raibh sé in ann é a chreidiúint — bhí air dul agus ceist a chur air suas lena bhean.

"Níor shéan [an fear] gur bhain sé mí-

úsáid gnéis as buachaillí óga.

Dúirt sé go rachadh sé chuig faoistin gach aon uair a rinne sé an mhí-úsáid gnéis. Thabharfadh an sagart maithiúnas dó agus deireadh sé leis gan é a dhéanamh arís.

"Ar deireadh thiar thall deireadh an scéil leis dul chuig dúine eigin eile mar mhúinteoir bhíodh sé leantach ar aghaidh a thabhairt maithiúnas dó dá bpeabair a leanfadh seisean ar aghaidh a n-deanamh.

"Mar sin, dhéanadh sé arís é agus arís a chuartóch sé sagart eile.

"Bhain sé mí-úsáid iontas sa gcumhacht a bhí aige agus as an meath a bhí ag daoine air. Amantaí mothair dom agus fearg nuair a smaoinim faoi, agus aon rud eile bíonn trua agam dó."

Deir iardhalta mná dá chuid go bhfuil iontas uirthi faoin scéal. Ba dhúine cráifeach a leag an-bhéim ar chúrsaí moralta is iad na ranganna scoile.

"Ba bheag go mbrúdh sé a chuid tuairimí síos do scóiríoch. Díreach an gníomhaíocht gan lúf le dúine roimh an phósadh agus mar sin de. Ach bhíodh sé fanatúil mar gheall air," a dúirt sé, ag labhairt i mBéarla di.

"Nuair a chuaigh mé an nuacht i dtuath faoi na líomhaintí chuir mé síos air mar chúlchaint ghránna. Ach má bhíodh go bhfuil sé díontach beidh lucht na scoláirí na scoileanna lán-Ghaeilge agus sna coláistí samhraidh gortaithe agus díomúch."

The Government's attempt to secure continued Objective One status for disadvantaged regions is hampered by the centralised nature of the state, argues **Gearóid Ó Tuathaigh**

Ní i lár an aonaigh atá an Ghaeltacht



TÁ AN 'réigiúnachas' ag tarraingt cainte arís in Éirinn. Ní haon ionadh go bhfuil. Léiríonn na staitisticí uilig (daonra, luach tithe agus talún, agus eile) go bhfuil an fás as éadan atá tagtha ar Bhaile Átha Cliath, agus ar a habhantracht, le breis is glúin anuas, ag leanacht go tréan. Ar an taobh eile den scéal, is léir go bhfuil daoine ag tréigean na tuaithe gan stad; go gciallaíonn deiseanna nua oideachais go bhfuil óige na tuaithe ag tabhairt a n-aghaidhe ar na cathracha ina bhfuil formhór na n-institiúidí oideachais, agus gur beag díobh a fhilleann ar fhód an dúchais tar éis dóibh cáilíochtaí a bhaint amach.

Tá difríocht shuntasach sa mheán-ioncam atá ag daoine i réigiúin éagsúla den dtír, gan trácht ar na laigí agus na heasnaimh iomadúla shóisialta a eascraíonn as bunghalar an mheathlú daonra.

Ach ní hiad na cúinsí bunúsacha seo amháin is cúis leis an spéis nua atá á léiriú i gcoincheap an réigiúnachais. Inní faoi chúrsaí deontais is cúis le práinn na díospóireachta faoin réigiúnachas.

Tá 1999 ag druidim linn, mar a dtiocfaidh deireadh leis an mbabhta reatha de dheontais faoi Chistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh. Rinne Éire go maith as na cistí seo le ceithre bhliana anuas, mar go raibh an Stát ina iomláine áirithe mar réigiún amháin le

stádas Rang a hAon (*Objective One*), rud a chiallaigh go rabhamar i dteideal an leibhéil deontais is airde a bhí ar fáil ó na cistí céanna.

Ní féidir bheith ag súil lena leithéid de ghaisce faoin gcéad bhabhta eile deontais. Tá an meán-leibhéal ioncain sa Stát imithe ró-ard le go mbeadh stádas Rang a hAon againn arís. Ach má tá, is léir bhfuil an leibhéal ioncain ag ceantair agus ag pobail áirithe sa Stát píosa maith faoi bhun an mheáin.

Tá ceannairí pobail sna ceantair seo ag brú go tréan anois go ndéanfadh an Rialtas an cás sa Bhruiséal go bhfágfaí stádas Rang a hAon ag na 'réigiúin bhochta' seo sa chéad bhabhta eile de na Cistí Struchtúrtha don dtréimhse 2000-2006.

Cúrsaí Reatha, Nuacht, Spórt, Cláracha agus
scoth an Cheoil ó 0800 go dtí 1930 gach lá den
bhliain FM 92-94 agus FM 102.7 ar fud na tíre.

GACH LÁ 0800 - 930 ar 92 - 94FM agus 102.7FM


Radio na Gaeltachta
AR FUD NA TÍRE

Seo é an t-éileamh atá déanta le tamall de bhlianta anois ag ceannairí pobail in iarthar na hÉireann. Tá an cás déanta go láidir sa phlean a chuir Údarás Réigiúnach an Iarthair ar aghaidh chuig an Aire Airgeadais i lár an tsamhraidh.

Cén dealramh atá leis an éileamh seo ar chúnamh speisialta Eorpach ar bhonn 'réigiúnach' do cheantair áirithe in Éirinn? Cén seans atá ann go ngeillfear don éileamh? Agus, an bhfuil impleachtaí ag an díospóireacht seo do chás agus do dhán na Gaeltachta?

Tá cúpla fadhb leis an mbun-éileamh. An ceann is tábhachtaí ná gan aon pholasaí réigiúnach a bheith againn laistigh den Stát, agus gan aon bhunús feidhmiúil a bheith leis na haonaid a bhfuiltear ag gaoch 'réigiúin' orthu anois.

I ndáiríre, ní raibh aon pholasaí réigiúnach againn ó bunaíodh an Saorstát sa bhliain 1922. Faoi Acht na hAontachta bhí an córas riaracháin in Éirinn fíorlárnaithe ar fad, agus is amhlaidh atá an scéal i gcónaí.

Cé gur bunaíodh córas rialtais áitiúil a bhí cuíosach ionadaíoch ag deireadh an chéid seo caite, níor bronnadh mórán cumhachtaí riamh ar na comhairlí contae ná ar na bardais, agus níor tugadh riamh faoi struchtúr rialtais nó riaracháin a bhunú ag leibhéal níos airde ná an chomhairle contae.

Bhí polasaí 'réigiúnach' tionsclaíochta ag an IDA ar feadh tamaill sna seachtóidí (le spriocanna cinnte fostaíochta agus forbartha ar bhonn réigiúnach), ach níor leanadh de. Na haonaid éagsúla réigiúnacha a bunaíodh ó am go chéile, i gcúrsaí turasóireachta nó i gcúrsaí sláinte, abraimís, tá teora lena dtionchar agus lena n-údarás sa mhéid go bhfuilid ag brath beagnach go hiomlán ar airgead ón státchiste chun a gcuid oibre a dhéanamh. Is í an Roinn Airgeadais atá sa diallaid i gcónaí.

Údaráis gan údarás

Na húdaráis réigiúnacha atá bunaithe le comhairle a chur ar an Rialtas maidir leis na Cistí Struchtúrtha seo, is léir nach údaráis daonlathacha feidhmiúla i ndáiríre iad in ainneoin daoine macánta a bheith ina mbaill díobh.

De réir chuid de na Coimisinéirí Eorpacha, is baolach go dtuigtear é seo sa mBruiséal. Tuigeann na Gearmán-aigh cad is 'údarás réigiúnach' ann, agus tuigeann rialtas na Spáinne é. Tuigid gurb iad na státseirbhísigh (agus na hairí) ón rialtas lárnach i

AN RÉIGIÚNACHAS

Seo spleáchadh ar an gcóras rialtais atá i bhfeidhm i gcuid de bhallstáit Aontas na hEorpa.

An Ghearmáin: Is rialtas fiodarálach atá i mbun Phoblacht na Gearmáine (82 milliún duine) agus is idir an Bund (an rialtas) agus na Länder (na réigiúin) atá roinnt na cumhachta. Tá sé Länder déag ann. Is de chuspóirí an bhunreacht gach cothrom a tabhairt do na Länder is boichte. Thug Rheinland-Pfalz sciar dá shaibhreas do Bavaria, cuir i gcás, ionas go bhfuil Länder na Gearmáine ar fad mórán ar aon chaighdeán maireachtála.

An Ostair: Is poblacht fhiodarálach atá san Ostair (8 milliún duine). Ocht Länder atá inti de réir bhunreacht 1920. Tá neamhspleáchas na Länder á fídiú le tamall, áfach: is tír bheag í an Ostair agus na bailte móra ag sú ar an gcuid eile.

An Eilvéis: 23 contae atá san Eilvéis, flaithiúnas dá gcuid féin acu ar fad i rith na staire. Is comhaontas idir na ceantair seo atá i dtír na hEilvéise. Is i gcontae Rhodes atá an daonra is lú (15,000), agus i gcontae Zurich atá an daonra is mó (1.2 milliún). Níl forlámhas ar bith ag rialtas fiodarálach na hEilvéise ar rialtas gach contae, ach amháin má ghéilleann na contaetha dó.

An Spáinn: Tugann bunreacht na Spáinne (1978) aitheantas do cheart an neamhspleáchais atá ag na náisiúin agus ag na réigiúin atá ina gcuid den Spáinn. Seacht réigiún déag atá sa Spáinn. Géilleadh breis neamhspleáchais do Thír na mBascach, don Chatalóin, do Ghalitia agus d'Andalousia. Is í Tír na mBascach an réigiún is neamhspleáí: tá a gcuid póilíní féin acu, smacht acu ar chúrsaí airgid, agus tá siad i bhfeighil a gcuid cánach féin.

An Iodáil: Is le linn Piémont a aontaíodh an Iodáil i 1860. Is rialtas lárnach a bhí i bhfeidhm sa tír i dtús ama. Ó 1922-1943, nuair a bhí na faisistigh i réim, neartaíodh an rialtas lárnach, agus níor athraigh sin ach nuair a scríobhadh bunreacht na Poblachta i 1948. Fiche réigiún atá san Iodáil anois. Tá comhairlí réigiúnda ann, toghann na daoine iad, agus tá an dlí faoina gcúram. Biodh is go dtugann an bunreacht aitheantas do thábhacht na réigiún, ní bhíonn sna cistí réigiúnda ach suim is lú ná 8% den chaiteachas náisiúnta.

An Bheilg: Ar feadh i bhfad, is rialtas lárnach a bhí i bhfeighil na Beilge, ach leasaíodh an bunreacht faoi thrí, i 1970, 1978 agus 1988, agus ó shin tá tréithe fiodarálacha go láidir sa gcóras rialtais. Tá trí phobal sa mBeilg, lucht na Pléimínise – craobh den Ollanais – lucht na Fraincise, agus lucht na Gearmáinise. Trí réigiún atá ann chomh maith: Flandres, Wallonie agus an Bhruiséil. Is é an stát a riarann cúrsaí airgeadais, chomh maith le cúrsaí taighleoireachta agus míleata.

An Fhrainc: Is poblacht lárnach atá sa bhFrainc, agus seachtó faoin gcéad de mhuintir na Fraince ina gcónaí sna bailte móra. Tá 26 réigiún oifigiúil i gcríocha na Fraince. Tá comhairlí réigiúnda ann ó 1982, agus thogh an pobal na teachtaí don chéad uair i 1986. Níl i gcistí na réigiún ach 2% de bhuiséad an stáit.

mBaile Átha Cliath a bhí – agus atá – ag plé leo faoi na Cistí Struchtúrtha ón dtús, agus gurb iad a bhí ag roinnt na creiche ar ball.

Ní bheidh sé éasca cás a dhéanamh sa mBruiséal ar son 'réigiúin' éagsúla atá faoi mhíbhuntáiste laistigh d'Éirinn féin, nuair nach bhfuil feidhm lena leithéid de rangú san státchóras atá againn féin sa bhaile.

Níl sé cinnte, ach an oiread, cén cás a dhéanfar. Tá an feisire Eorpach, Bernie Malone, agus daoine eile nach í, ag áiteamh go bhfuil cás do chúnamh breise ag ceantair bhochta na príomhchathrach, agus gur chóir critéir nua ar fad a cheapadh don gcéad bhabhta eile.

Táid ann a chreideann nach bhfuil croí na ridirí sa Roinn Airgeadais san argóint gur chóir idirdhealú a dhéanamh idir réigiúin difriúla laistigh den Stát. Pé scéal é, ní rófhada anois go dtosnóidh na leidí sna meáin faoina bhfuil á bheartú.

Ó thaobh na Gaeltachta de, sílim go bhféadfaí cás áirithe a dhéanamh le

haitheantas ar leith d'fháil di faoi na scéimeanna Eorpacha ar bhonn sainiúlacht teanga agus toisc struchtúr nó údarás ar leith a bheith aici a bhfuil an ghné dhaonlathach ann.

Ach bheadh ar an Rialtas an cás seo a dhéanamh go fuinniúil. I bhfianaise na dtuarascálacha atá foilsithe go dtí seo ag an gCoimisiún um Chineachadh – dlárnú cumhachta – agus i bhfianaise na moltaí atá á bplé faoi leasuithe sa chóras rialtais áitiúil, ní léir dom go dtuigtear sainchás agus sainriachtanais na Gaeltachta (agus na féidireachtaí a ghabhann leo) i gcúinní áirithe den státchóras abhus.

Údar díomá é seo, agus údar inní, leis. Beidh saothar nach beag ag urlabhraithe Gaeltachta (sa Roinn agus san Údarás) cás speisialta na Gaeltachta a mhíniú do ridirí an státchórais anseo agus don bpobal i gcoitinne.

Is trua go bhfuil a leithéid riachtanach seachtó cúig bliain i ndiaidh bhunú an tSaorstáit. Ach is baolach gur mar sin atá.



FÓCAS NA MÍOSA

DOMHNALL Ó LÚBHLAÍ

CÉ HÉ Domhnall Ó Lúbhlaí? Laoch mór na Gaeilge, nó fear casta cráite?

Rugadh i Nua Eabhrach é i 1930. Tháinig sé go hÉirinn an bhliain chéanna, agus tógadh sa Muileann gCearr é. Chuaigh sé ar scoil na mBráithre Críostaí ar an mbaile. Ina dhiaidh sin rinne sé cúrsa speisialta i múineadh na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide. D'oibrigh sé ar feadh deich mbliana le Gael-Linn. Le linn an ama sin bhí sé ag plé le scéim scoláireachtaí ina gcúirtí páistí chuig an nGaeltacht ar feadh trí mhí chun an Ghaeilge a fhoghlaim.

I 1968 bhunaigh sé Coláiste na

bhFiann agus bhí sé ina chathaoirleach ar an eagraíocht ar feadh i bhfad. Thogh ionadaithe na n-eagraíochtaí Gaeilge ina uachtarán ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge é i 1976. Faoin am sin bhí post múinteoireachta aige i gceardscóil i gCluain Dolcáin. Bhí sé ag obair ar threoirleabhar do mhúinteoirí Gaeilge.

Ghlac sé páirt ghníomhach i mbunú Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin. Chaith sé tréimhsí éagsúla ag múineadh i scoileanna an cheantair.

I lár na 1980í d'fhág sé Coláiste na

Cathaoirleach Bhorá na Gaeilge, Micheál Ó Muircheartaigh, ag bromadh gradam speisialta ar Dhomhnall Ó Lúbhlaí tamall de bhlianta ó shin.

bhFiann le Tearmann Lir a bhunú gar don Mhuileann gCearr. Cineál brú óige agus tearmann do lucht na Gaeilge agus d'fhoghlaimoirí a bhí ann, agus é mar aidhm aige lóistín a chur ar fáil do ghrúpaí nó do dhaoine aonair ar theastaigh uathu tréimhse a chaitheamh ag obair ar thionscnaimh éagsúla.

B'é buaicphointe a shaoil mar agóidí teanga an tréimhse ghearr a chaith sé i bpríosún Luimnigh ag tús 1977. B'amhlaidh gur cuireadh príosúnacht seacht lá air toisc gur dhiúltaigh sé ticéad páirceála £5 a íoc. An t-ainm "Donal Lovely" a bhí scríofa ar an ticéad.

Scaoileadh saor é roimh am nuair a d'íoc duine éigin an fíneáil. Fuair sé pá príosúin de 10p, chomh maith le laghdú £1.30 ar an bhfíneáil don am a bhí caite sa phríosún aige. Bhí an scéal ina *cause célèbre* sna meáin ag an am.

Ag preasócáid in Áras na Comhdhála, dúirt Ó Lúbhlaí nárbh ann do aon leagan Béarla dá ainm. Ainm Gaeilge a bhí aige nárbh fhéidir a aistriú ar aon bhealach, a dúirt sé.

Chuir sé ceithre cheist ar an Rialtas ag an bpreasócáid. An ligfí do Ghaeltacht Ráth Cairn bás a fháil? An dtabharfaí ceadúnais iascaireachta ar muir (*off-shore licences*) d'iascairí Ros Muc? Cén pointe a bhí le múineadh na Gaeilge sna scoileanna? Agus an ligfí prionsabail an Phiarsaigh agus túrghráthóirí eile le sruth d'fhonn áit a dhéanamh do "*the whizz-kiddery of Conor Cruise O'Brien*"?

Uinsíonn Mac Dubhghaill

Le Uinsíonn Mac Dubhghaill
EAGRAÍOCHT LEATHRÚNDA a sheachnaíonn aon phoiblíocht is ea Coláiste na bhFiann agus a leathchúpla, Cumann na bhFiann. Nuair a bhunaigh Domhnall Ó Lúbhlaí é ba é an teoiric a bhí aige go raibh cuid de na coláistí samhraidh a bhí ann "róbhog"; theastaigh tumadh iomlán sa teanga lena chinntiú go bhfoghlaimíodh daoine i gceart í.

Léiríonn líon na n-íardhaltaí a lean leis an teanga i mórán réimsí den saol cé chomh héifeachtach is a bhí an polasaí

AN CUMANN RÚNDA

seo i rith na mblianta. Ach ba mhinic freisin a tharraing na coláistí drochmheas an phobail anuas orthu féin – agus ar ghaeilgeoirí i gcoitinne – toisc an bealach docht dolúbtha ina gcúirtí na rialacha i bhfeidhm.

Anuraidh, cuir i gcás, bhí raic mhór ann faoi chás Mhichelle Hartnett (17), as Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath. B'amhlaidh go raibh an cailín ag ithe a bricfeasta lá nuair a lig sí sraoth aisti. Céard a dúirt sí ach *excuse me* lena compánaigh ag bord.

Mheas lucht an choláiste gur abairt iomlán i mBéarla a dúirt sí agus cuireadh abhaile í.

Gníomh leibideach gan chiall a bhí ansin a thuill tarcaisne sna meáin agus a thug deis do naimhde na teanga lucht na cúise a bhualadh, uair amháin eile, le slat a ghearr siadsan dóibh féin.

Bíonn múisiam ar dhaoine faoi ghnéithe eile de chúrsaí Choláiste na bhFiann chomh maith. Cuid den seanchas é ag iardhaltaí go gcúirtí iallach

orthu éirí luath ar maidin, beannú don bhrat náisiúnta agus an t-amhrán náisiúnta a chanadh.

Manglam cumhachtach de chúis na teanga, den chreideamh Caitliceach agus den phoblachtánachas a bhíonn ar an mbiachlár, rud a spreagann díospóireachtaí teasaí ar an Idirlíon.

"Chan fheil de dhíth ortha ach na léintean gormacha," a scríobh Brian McLaughlin ar an ngréasán Gaelic-L anuraidh, tar éis éisteacht le tuairisc faoi chás Mhichelle Hartnett ar Raidió nan Gaedheal in Albain.

Cumhacht an phobail a chuir stop leis an Fhíor-IRA

NUAIR A chuala daoine i mBéal Feirste go raibh an grúpa a dtugtar an Fíor-IRA air i ndiaidh stop a chur lena fheachtas buamála, is é an mothú is láidre a bhí orthu ná faoiseamh.

Ní raibh an sonas le mothú — agus cad é mar a bheadh i ndiaidh thragóid na hÓmaí — faoi mar a tháinig leis an chéad sos comhraic de chuid an IRA i Lúnasa 1994, nuair a chreid daoine den chéadair gurbh fhéidir go raibh an chogaíocht ag teacht chun deiridh faoi dheireadh thiar.

Ar ndóigh tá bealach fada siúlta againne uilig ó na laethanta dóchasacha sin i bhfómhar 1994, nuair a d'fhógair an UDA agus an UVF sosanna cogaidh s'acusan fosta.

Agus d'ainneoin Canary Wharf agus filleadh an IRA ar a fheachtas, maruithé inmheánacha an INLA agus na maruithé seicteacha a rinne na grúpaí dílseacha ar fad ag tús na bliana seo — agus ar ndóigh Droim Chrí I-IV — tá an saol ó thuaidh athraithe ar fad le ceithre bliana anuas.

Tá Aontas Aoine an Chéasta againne in ainneoin an chéasta uilig a d'fhulaing an pobal agus na polaiteoirí araon ar an bhealach chun é a bhaint amach.

Agus i mBealtaine vótáil muintir na tíre uilig ar a shon in uimhreacha nach bhfacthas ó bhí tús an chéid ann, d'ainneoin na bhfadhbanna atá ag gach duine leis.

Drocham thart

Tá an pobal ag dúil le todhchaí míchinnte de réir mar a chuirtear an Comhthionól agus na fearais thrasteorann le chéile.

Ach tá dóchas agus muinín ann go bhfuil an drocham thart agus go bhfuil muid uilig ag dul isteach i ré nua na comhoibríochta agus na tuisceana — cé go mbeidh sé deacair ag daoine glacadh leis na hathruithe uilig.

Tá obair ag dul ar aghaidh gach lá go ciúin ar an talamh le comhphobail

SÚIL ADUAIDH

Seán Mag Uidhir

a fhorbairt, pobail a rinneadh neamhaird orthu le blianta fada, agus tá sean-naimhde chun tosaigh sa dá phobal anseo ag cur na n-athruithe chun cinn.

Níl gach rud foirfe ar ndóigh agus ní bheidh an bealach chun tosaigh réidh ó thuaidh. Ach is í an daingneacht seo ag an ghnáthdhuine chun an saol a athrú nár thuig an Fíor-IRA agus iad ag leanacht lena fheachtas go dtí an t-uafás ar an Ómaigh.

Mar fhreagra ar uafás na hÓmaí chuir an dá rialtas an reachtaíocht is ansmachtaí i bhfeidhm a chonacthas ar an oileán seo ó bhí na luath 1970í ann.

Cé nár tugadh ar ais imtheorannú, tá na cumhachtaí nua chomh hansmachtaigh sin gur féidir duine a chúisiú ar fhocal garda shinsearaigh nó ar fhocal ball den RUC.

Brú an phobail

Ach níorbh é bagairt na ndlíthe nua a thug ar an Fhíor-IRA a fheachtas a stopadh. Níl fianaise ar bith ann go raibh an Fíor-IRA ná grúpa armtha ar bith eile ar an oileán seo róbhuartha riamh faoi chumhachtaí láidre bheith ag na stáit.

Triailleadh gach sórt dlíthe slándála agus éigeandála i gcoinne na ngrúpaí armtha agus rúnda agus ní raibh de thoradh air ach a thuilleadh cogaióchta agus a thuilleadh éagóra déanta ag na stáit agus ag na grúpaí a bhí siad in ainm a bheith ag cloí.

Stop rud i bhfad Éireann ní ba chumhachtaí ná dlíthe éigeandála an Fíor-IRA.

Bhí an ceart iomlán ag leasmhéara aontachtach na hÓmaí, Alan Rainey, nuair a thug seisean "cumhacht an phobail" air.

Seo an rud a thuig fiú an INLA nuair a dúirt siad nach raibh ábhar cogaióchta ag duine ar bith i ndiaidh do phobal na tíre a dtail a nochtú sa reifreann i mí Bhealtaine.

Go simplí, níl an tacaíocht sa phobal do ghrúpa ar bith atá ag iarraidh dul i mbun cogaióchta do chúis amháin nó cúis eile.

Ceacht foghlamtha

D'fhoghlaim an Fíor-IRA an ceacht seo nuair a thiontaigh pobal na hÉireann orthu i ndiaidh uafás na hÓmaí a d'fhág 29 duine — agus cúpla neamhshaolaithe — fuar marbh.

Chuir pobal na tíre seo brú morálta, sóisialta agus polaitiúil ar an Fhíor-IRA ar scála nach bhfacthas riamh cheana.

Nuair a cháin a n-iarchomráidithe poblachtacha iad fuair siad amach go raibh a ré thart agus go raibh ré réalaióch nua ar an oileán seo inar mhaith le daoine oibriú lena chéile agus argóint lena chéile ar an bhóthar chuig cothromaíocht do chách.

I gcomhairlí, i nDála agus i gcainteanna a throidfear na seanchathanna agus na cathanna nua agus chan le lón cogaidh.

Spás tugtha

Beidh faoiseamh ar an dá rialtas nach raibh sé d'iachall orthu na cumhachtaí nua a úsáid.

Cé gur thaispeáin Bertie Ahern agus Tony Blair an lámh láidir do na heasaontóirí poblachtacha, bhí siad cliste go leor spás a thabhairt dóibh chun deireadh a chur lena bhfeachtais gan dóchas.

Cé go raibh na rialtais toilteanach na cumhachtaí a úsáid thaispeáin Blair agus Ahern ar feadh a n-ama i gcumhacht gurbh fhéarr leo caint ná cogadh.

Agus nach amhlaidh is féarr é do gach duine againn.

Eagarthóir an North Belfast News é an t-údar

Guardian journalist Maggie O'Kane left Belfast when she was 12 years old. She returned to live in her native city last year, but found she could not write about the North. After a decade of writing about dictatorships, Ireland's grubby little war turned her off. Writing about this cowardly war sustained by bankrupt minds left me cold, she writes.

Cá bhfuil

AR THAOBH Bhanc na hÉireann ar Chearnóg Shaftsbury Bhéal Feirste tá dealbh ollmhór chré-umha. Fear a bhuaileann gong miotail atá ann.

Is mé im' ghirseach 12 bliain ar chúl Fiat 127 dúghorm meirgeach é ag casadh isteach ó Bhóthar Lios na gCearrbhach is cuimhin liom mo mhúineál a chasadh siar leis an bhfíbin a bhí orm breathnú ar an bhfear ollmhór cré-umha seo.

Beagnach 25 bliain níos déanaí, is mé ar ais i mBéal Feirste, is minic nuair a théim thar m'fhear cré-umha go gcuimhním ar an iontas a bhí orm an t-am úd.

Tá a cuid iontaisí is uafáis fós ag an gcathair a d'fhág mé an uair sin. Tar éis 16 bliain i mBaile Átha Cliath; péire i bPáras agus seacht gcinn i Londain táim ar ais.


B'é m'eagarthóir sa *Guardian* a mhol dom filleadh ar Éirinn. Bhí m'fhear céile, John Mullin, le dul ann agus comhfhreagras na hÉireann a scríobh don pháipéar. Bhí mise leis an jab a bhí agam i mo chomhfhreagraí eachtrach a nascadh le roinnt scríbhneoireachta don *Observer* faoin Tuaisceart.

Bhí mac linn, Billy, ocht mí d'aois nuair a shroich muid Béal Feirste bliain ó shin.

Bhí drogall áirithe orm filleadh ar an 'Scéal' sa Tuaisceart. Mar sin féin, bhínn ag scríobh faoi le linn mo chuid ama sa *Sunday Tribune* nó le *Magill* agus RTÉ agus bhí corrsciúird siar tugtha agam don *Guardian*. Céard a bhí inti ach cathair eile?

Ansin rinneadh parailís den drogall. Scríobh faoi Thuaisceart Éireann? Bhuail sé mé de bhuille marfach sna putóga ar dhara urlár Óstán Dukes, gar do Ascaill Gharraí na Lus.

Tasc deireadh seachtaine a bhí agam: scríobh faoin rang bunscoile ar Bhóthar Ormeau ina raibh mé tráth. Na daoine a bhí i bpríosún is



Maggie O'Kane agus a mac Billy

(Jill Jennings/Christopher Hill Photographic)

na daoine nach raibh. Iadsan a chaill daoine muinteartha leo sna trioblóidí agus mar sin de. Le linn dom a

bheith sa tóir ar an ngrianghraf riachtanach úd den rang iomlán, thuig mé nach mbeinn in ann

an t-iontas?

MAGGIE O'KANE

scríobh faoi Thuaisceart Éireann le paisean ar bith, ná le dúthracht. Ní raibh mé in ann é a thuiscint. Bhí mo chuid *préamhacha*, agus *préamhacha* mo thuismitheoirí, ar fad sa dúiche seo.

Thuíg mé ar deireadh é. Chuir polaitíocht na háite isteach orm, lena cuid *mantras* Oráisteacha, a cuid leathchainte poblachtaí. Bhí mé dubh dóite aici.

Tar éis 10 mbliana i mo chomhfhreagraí eachtrach i mBoisnia, san Íaraic, in Haiti agus tar éis a bheith ag scríobh faoin mbrúidiúlacht agus faoin mire a shíolraíonn ó na deachtóirí, ó na seanchumannaigh, ón aineolas is ón tsaint ní raibh mé in ann Béal Feirste is a cogadh beag salach suarach a fhiosrú. Níorbh fhéidir liom cur suas leis.

Ar fhaitíos na míthuisceana, ní hé nach raibh sé sách 'mór' dom, mar scéal. Is é gur mhothaigh mé ciaptha cráite go raibh sé fós ar siúl.

Ní raibh an t-aineolas ann, ná an mire, ná an daille iarchumannach, ná an antoisceacht Ioslamach. Ní raibh aon leithscéal againn i ndáiríre.


Scríobh faoin gcogadh cladharta seo a bhí á choinneáil sa tsiúl ag lucht an smaointeachais "bhancbhriste tráite? D'fhág sé gan spreagadh mé.

D'éirigh mé as an bpost lánaimseartha a bhí agam. Thosaigh mé ag obair ar chonradh i mo chomhfhreagraí eachtrach agus idir na turais shleamhnaigh mé isteach sa dianchaidreamh paiseanta úd a bhíonn ag máthair leis an gcéad mhac.

Ba chuma liom, fiú, dá gceapfadh duine gur gunnadóir dílseach a bhí im' mhac, Billy Mullin, mar gheall ar an ainm a bhí air.

Den chuid is mó, ghearr mé amach an méid a bhí ag tarlú im' thimpeall. 'Rinne' m'fhear céile Tuaisceart Éireann.

Le linn laethanta deiridh 1997,



lámhachadh Billy Wright go fuilteach sa Cheis Fhada. Baineadh cor as próiseas na síochána ach tháinig sé chun socrachta arís.

Tháinig méadú as cuimse ar an meas a bhí agam ar Mho Mowlam. Bhí Mac Ádhaimh ag briseadh na múnlaí agus fiú Trimble, thosaigh sé ag teacht le culaith nua an státaire.

Shiúil mé an Afganastáin, an Chambóid, an Íaraic, an Afraic . . . mhothaigh sé ceart.

Idir an dá linn, chuir mé eolas ar Thuaisceart Éireann i mo thurasóir i veain buí campála Toyota agus meirg uirthi. Billy, Sharifa (bean ón Afganastáin a raibh scéal fada ag dul

léi) agus mé féin, ag bualadh amach Domhnach fliuch thart ar chósta Aontroma nó go dtí an Caisleán Nua; *barbeque* ar foscín ón ngaoth ar chúl na leithreas poiblí.

Amantaí tháinig an 'Scéal' suas liom. Bhí Droim Chrí ag lobhadh léi agus Domhnach amháin rug brúidiúlacht m'áite dúchais greim scornaigh orm. Paráid fhuilteach ag Droim Chrí, ansin gasúir ag scairteadh san oíche, "Tá mo chosa ag dó."

Chuaigh m'fhear céile chuig teach dóite Uí Chuinn an mhaidin Domhnaigh úd. Labhair mé leis ar an bhfón póca ó thrá fholamh an

Chaisleáin Nua. Bhí tocht éigin sa ghlór aige.

"Tabhair póigin dom' bhuachaill domsa," ar seisean.

An lá ina dhiaidh, Dé Luain, chuaigh an pharáid Oraisteach síos Bóthar Ormeau agus fios acu go raibh fuil Uí Chuinn ar bharr miotóga bána a Lóiste.

Chuaigh mé chun breathnú orthu: *Liberation, Le Monde, Corriere della Sera*. Bhí cuid mhaith de na hiriseoirí a raibh aithne agam orthu ó áiteanna i gcéin ar an láthair.

Bhreachaigh mé ar a gcuid leabhar nótaí faoin mbáisteach, iad ag breacadh síos ráitis ó áitriteoirí Ormeau a bhí ag maíomh astu féin ón talamh ard mhorálta. Bhreachaigh mé ar shúile corracha na bhFear Buí agus iad ag máirseáil tharainn go bréagbhucach, damnaithe.

D'éist mé le mo chomhghleacaithe ón iasacht ag sciotaíl gháire faoina gcuid hataí babhlacair. Bhíos ag breathnú ar bhás an Oraisteachais.

Rinneadh marú arís, agus bhí níos mó ná daoine i gceist. An Ómaigh: d'éist mé leis ar Raidió a hAon ag tiomáint ar ais ó Ros Láir sa veain

campála dílis. Emer Woodful, an World at One, ar aghaidh is ar uile, agallaimh leo siúd a tháinig tríd, athair ag caint faoin oíche a chaith sé ar lorg a mhic mhairbh.

Ní raibh aon deor fágtha faoin am ar shroich mé Bleá Cliath.

Le linn don tír ar fad a racht a chaoineadh, bhí an náisiúnachas agus an poblachtánachas ag saothrú báis chomh maith.

Mór an mhaith, a shíl mé. Cé mhéad uair i sráidbhailte scriosta Bhoisnia nó Kosova a fágadh páiste ag screadach, "Tá mo chosa ag dó," in ainm an náisiúnachais?

Bhí deireadh, ar deireadh, leis an *schizophrenia*, leis an débhríochas fordhaite faoin bpoblachtánachas. Bhí deireadh le laethanta na n-amhrán poblachtacha sa chlós scoile ag Bunscoil an Choróin Mhuire i mBéal Feirste.

"*History creeks on its bloody hinge, and the unspeakable is done again.*" John Montague, Lúnasa 1998.

Mar sin, cá bhfuil an t-iontas? Céard atá fágtha 25 bliain níos déanaí le breathnú air?

Is é an t-iontas, mar a dúirt Clinton

linn i mBéal Feirste, go bhfuil ag éirí leis an tsíocháin. Oibreoidh sé agus i bhfocail aitheasc an Phiarsaigh ag béal uaigne Dhonnabháin Rossa, "Éinonn náisiúin bheo aníos as uaigneanna na bhfear is na mban a thug grá dá dtír."

Níor theastaigh ó dheartháireacha Uí Chuinn agus lucht siopadóireachta na hÓmaí bheith ina dtírghráthóirí ach mharaigh a mbás faisisteachas na bhFear Buí agus béaltacaíocht an phoblachtánachais mhíleata.

Faoi dheireadh, is féidir linn teacht in inmhe.


* * *

Trí lá roimh sheirbhís chuimhneacháin na hÓmaí fuair mé glaoch ó eagarthóir nua an Observer. Bhí sé ag iarraidh orm scríobh faoin tseirbhís.

Comhrá gairid a bhí ann. Ní chabhraigh sé liom dul chun cinn sa nuachtán ach ba chuma sin. Mhothaigh sé ceart.


Aistriúchán ar alt i mBéarla atá sa méid thuas.

Co-Opera
in association with
Town Hall Theatre, Galway
presents



LA TRAVIATA
Verdi

AMHARCLANN NA CATHRACH
Déardaoin 8 – Satharn 10 Deireadh Fómhair
Áiríthintí: 091-569777



Comhdháil Idirnáisiúnta
ar Reachtaíocht Teanga
14-17 Deireadh Fómhair 1998
Óstán na Cúirte, Cill Iníon Léinín, Co. Átha Cliath

Tá sé mar chuspóir ag an Rialtas Acht Teanga a thabhairt isteach a dhéanfaidh rianú agus sainiú ar dhualgais an Stáit i leith na Gaeilge agus ar chearta an tsaoránaigh i leith na teanga sin. Úsáidfeadh an Chomhdháil seo chun eolas agus tuairimí ar reachtaíocht teanga a mhalartú ar leibhéal idirnáisiúnta.


Á eagrú ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge le cabhair airgid ó Choimisiún na hEorpa agus ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán.

Eolas: Comhdháil Idirnáisiúnta na Gaeilge,
46 Sr. Chill Dara, Baile Átha Cliath 2

Fón: 01 6794780

Facs: 01 6790214

Ríomhphost: comhdhail@comhdhail.ie



YVON, FRANÇOIS AGUS HENRI MORVAN: fonnadóirí móra le rá de chuid an cheantair. Féach samhail an triúir snoite sa gcloch eibhir

Blianta deiridh na Briotáinise

PAROISTE BEAG TIRIUIL atá sa Chapel Nevez (an 'Séipéal Nua'), coillte Beffou agus Coat an Noz láimh leis ó thuaidh, baile Callac teorannach leis ó dheas. Tuairim agus ceithre chéad is daonra dó, feirmeoirí a bhformhór, cuid acu ar phinsean. Ach oiread le paróiste ar bith ó Paimpol soir ó thuaidh go Quiberon siar ó dheas, 200 míle bóthair, ba í an Bhriotáinis teanga na ndaoine ann go dtí an dara cogadh domhanda.

Is beag de mhaoín an tsaoil a bhí ag muintir Ar Chapel Nevez roimh theacht don saol nua. Tithe fada aonstóir ba dhídean dóibh, cisteanach mhór ocht méadar faoi chúig iontu, agus lota in uachtar le harbhar

a stóráil. Simléir mór sa mbinn: dóití adhmaid ann agus réitítí na béilte ann. Bord agus dhá bhinse fada i lár báire, leaba agus doras uirthi i dtóin an tí. Bhíodh cró na mbeithí faoin d'fion céanna, ach doras eile le dul isteach ann, an cró ar aon mhéid leis an gcisteanach, ionas gur teach fiche slat ar fhaid a bhí ann, tiumhas na mballaí san áireamh.

Tá foinse trí abhainn i gceantar Ar Chapel Nevez. Ina measc tá an Blavet, abhainn a théann i bhfarraige céad míle ó bhaile i Lorient, "leathchúpla" na Gaillimhe. Níl aon deis iascaigh san áit, ná deis bádóireachta, agus níl de shruth ann ach a gcoinníonn uisce leis an dá mhuileann bheaga, Milin al Lan agus Moulin de Guernoquin.

Chaith DIARMUID JOHNSON an samhradh ar thóir na Briotáinise. Seo léargas ar a bhfaca sé.

Athrú teangan

Tharla athrú teangan sa mBriotáin tar éis an dara cogadh domhanda, faoi mar a tharla in Éirinn tar éis an Ghorta Mhóir. Is sna caogaidí a tógadh an chéad ghlúin páistí le Fraincis i nGaeltacht na Briotáine. Ach tharla an t-athrú go mall in áiteacha. Sa Chapel Nevez, mar shampla, b'annamh an Fhraincis le cloisteáil go dtí na seachtóidí taobh amuigh de theach na scoile. Is cainteoirí Briotáinise atá ins go leor den ghlúin a tógadh ann sna seachtóidí.

Fágann sin go bhfuil Briotáinis líofa ag daoine atá tríocha bliain d'aois. Iad siúd a bhfuil an dá scór slán acu, tá Briotáinis ar a dtoil acu ar fad, agus go deimhin is í is ansa leo. An chuid sin den phobal atá os cionn leithchéad bliain d'aois, tharlódh gur beag Fraincis a chleacht siad i rith a saoil, agus maidir leis na glúnta is sine, tá daoine ina measc ar bheagán Fraincise.


Ní mór a rá go bhfuil daonra na háite ag dul in aois. Bíonn ar na déagóirí cónaí sna meánscoileanna i Morlaix, Guingamp agus Carhaix, agus scaoiltear an gad imleacáin ar an gcaoi sin. Chomh maith leis sin, tá na feirmeacha ag dul i méid, agus a líon ag dul i laghad, ionas gur mionlach i measc an phobail iad na daoine idir fiche agus ceathracha bliain d'aois.

Seo í an ghlúin is tábhachtaí ó thaobh a bhfuil i ndán. Seo mar atá acu: tá tuiscint mhaith ag a mbunáite ar an mBriotáinis. Ach is beag cainteoir Briotáinise faoi bhun tríocha bliain d'aois feasta. Níor aimsíos féin ach duine. Iad siúd atá idir scór go leith agus dhá scór, tá cainteoirí paiteanta ina measc, agus is í an Bhriotáinis a labhraíonn siad, agus tá tuilleadh fós a dhéanfadh comhrá i mBriotáinis leat, cé nach mbeadh acu ach roinnt nathanna de ghlánmheabhair.

I gcás na bpáistí agus na ndéagóirí de, tuigfidh cuid díobh seo roinnt Briotáinise, má tharlaíonn go gcaith-eann siad dóthain ama i gcomhlúadar na seandaoine. Níl oiread

Ar lean lch 22

Sceideal an fhóm fógraithe ag Tna



Beidh sraith drámaíochta TnaG, **Ros na Rún** ar ais, i gcoílár an sceidil agus gach re casadh agus lúbadh sa scéal.

BEIDH IDIR ábhar nuáléirithe Éireannach agus na cláir a raibh tóir ag lucht féachana cheana orthu i Sceideal Fhómhar/Gheimhreadh 1998/99 TnaG. Tabharfar suntas do chlár beo cainte agus comhrá as Gaillimh i measc liosta tarraingteach clár ina bhfuil drámaíocht nua agus scannáin ghairide chomh maith le cláir fhaisnéise ón tír seo agus ón iasacht.

Gearrscannáin nua

Mar thoradh ar chomhthionscnaimh agus ar pháirtneireacht, déanfar an chéad thaispeántas ar thrí scannán ghairide chomh maith le sraith ceithre pháirt ar an ealaín.

Beidh Seán McGinley agus grúpa aisteoirí nár facthas cheana as ceantar

Chill Bharróg i mBaile Átha Cliath san dráma físe **Lipservice** leis an scríbhneoir/stiúrthóir Paul Mercier faoi rudaí ag dul in aimhréidh le linn Scrúdú Cainte na hArdteistiméir-eachta.

Scéal eachtraíochta is ea **Cosa Nite** faoi chaimiléireacht agus uisce-faoithalamh suite i dtalamh portaigh Chonamara. Darach Ó Scoláí a scríobh agus is í Dearbhla Walsh a stiúraigh.

San dráma **Aqua** nuair a thosaíonn mic léinn ag scéiméireacht le taifeadh d'aibhneacha na hÉireann a dhíol le Meiriceánaigh, níl a fhios acu go dtiocfaidh siad ar thairngreacht go raibh deireadh an domhain buailte linn. Is í Edel O'Brien a stiúraigh script le Nina Fitzpatrick.



Cleamhnas: clár nua 30 nóiméad ina dtugtar fear agus bean le chéile ach is í an mháthair a dhéanann an rogha! Anois, nach ionann an teilifís agus an saol dáiríre! Ronán Mac Aodha Bhuí an láithreoir ar an gclár a chraolfar ag 8.30 ar an Aoine ar feadh 20 seachtain. Beidh athchraoladh ag 8.50 ar an Domhnach.

Seanchlaisicé

Is rud nua i sceideal TnaG scannáin chlasaiceacha a bheith á dtaispeáint mall san oíche. Leanfar téamaí. Scannáin faoi bhuachaillí bó a thaispeánfar ar an Luan, greann ar an gCéadaoin agus scannáin aicsin ar an Aoine.

Cúrsaí Spóirt

Beidh súil eile an stáisiúin ar chúrsaí spóirt agus leanfaidh an t-irischlár seachtainiúil **Spórtiris** ag plé le ceisteanna, pearsain agus

hair

G

tuairiscí spóirt. Beidh cluichí móra iománaíochta agus peile ag leibhéal club, Coláistí, tríú leibhéal agus contae chomh maith le cluichí rugbaí na scoileanna le feiceáil ar an Domhnach. Beidh am breise á imirt i gclár nua **Ard san Aer** ina dtabharfar tús áite do chluichí club. Beidh seasúr nua sacair ón Spáinn ar TnaG ar an Luan ag tosú leis an gcluiche idir curaidh na hEorpa, Real Madrid agus curaidh sraithe na Spáinne, Barcelona. Beidh imirt cis-pheile an NBA i Meiriceá le feiceáil faoi dhó sa tseachtain.

Rogha leathan


Dúirt Ceannasaí TnaG, Cathal Goan, go dtugann an sceideal is deireanaí seo rogha éagsúil den scoth do lucht féachana teilifíse na hÉireann. "Tá aitheantas bainte amach againn gur cainéal sinn a chuireann an scoth i measc lucht léirithe teilifíse na hÉireann os comhair an phobail agus is cruthú ar a gcumas siúd an sceideal nua seo" a deir sé. "Is soiléire a fheicfear an tábhacht atá le cláir de dhéantús na hÉireann agus le cláir a dhíríonn ar lucht féachana áirithe de réir mar a thagann ré na teilifíse digití. Tá teacht ag an lucht féachana is leithne ar sceideal TnaG de bharr úsáid fothéideal, bídis ar an scáileán nó ar theilítéacs."



Scéalta Ó Theach na mBocht: Ceithre scéal ó Eugene McCabe a chloígh le scríobh scéalta do pháistí agus úrscéalta ó bhlianta deireanacha na seachtóidí. Beidh aon chúlra amháin leis an gceithre scéal. Is é Louis Lentin atá ag stiúradh Mhick Lally, Ruth McCabe agus Bhrendan Gleeson (thuas).



Beidh áit lárnach ag Nuacht TnaG gach oíche sa sceideal nua ag 8.00i.n. seacht n-oíche na seachtaine. Beidh láithreoirí nua ann (Siún Nic Gearailt, Ailbhe Ó Monacháin agus Róisín Ní Eadhra), an triúr eatarthu ag tabhairt trí mhórchanúint na tíre chun an scáileáin. Beidh na láithreoirí nua le feiceáil níos minicí ag an lucht féachana mar go mbeidh an nuacht is deireanaí á tabhairt díreach roimh a 5 a chlog, 6 a chlog agus 7 a chlog.



agus páiste ná déagóir amháin a labhraíonn Briotáinis, agus ní labhraítear Briotáinis leo.

Meath i ndán

I dtús na haoise, bhí líon na gcainteoirí Briotáinise ag tarraingt ar mhíllíon. I bhfad faoi bhun a leath oiread atá anois ann, agus go leor de chainteoirí na linne seo, cleachtann siad an Fhraincis i saol na hoibre, agus ar an teallach. Faoi cheann dhá scór bliain, beidh dornán seandaoine sa Chapel Nevez fós ag labhairt na Briotáinise, faoi mar a bhí i roinnt iarGhaeltachtaí thall is abhus in Éirinn sna caogaidí. As seo go ceann dhá scór bliain, ní cosúil go saolófar cainteoirí Briotáinise ar bith sa Chapel Nevez. Sin léargas ar chás aon pharóiste amháin. Is sampla atá ann – micreacosc – den rud atá ag tarlú go forleathan. Go deimhin, ní dhá scór bliain an fad saoil atá ag an mBriotáinis i gceantair go leor, ach scór.

Ainneoin sin is uile, tá an scéal amuigh sa mBriotáin go bhfuil léas dóchais ann. Ceaptar go bhfuil i ndán don oideachas an teanga a shlánú. Ní hé an t-oideachas stáit atá i gceist, ach an t-oideachas a chuireann eagrais neamhspleách ar bun. Diwan ('eascairt') an t-ainm atá ar an eagrais seo. SPRING, DAYBREAK

Bunaíodh Diwan i 1978, agus thosaigh siad ag cur scolaíochta ar naonáin bheaga trí mheán na Briotáinise. De réir mar a chuaigh na naonáin in aois, chuir Diwan oideachas trí Bhriotáinis ar fáil dóibh. Anuraidh, rinne cuid de scoláirí Diwan an *bac* (Ardteist) don chéad uair.

Dóchas gan údar

Tá muintir na Briotáine ar fad ar an eolas faoi Diwan. Is é an port atá ag an ngnáthdhuine go bhfuil ag éirí thar barr le Diwan. Is trí na meáin chumarsáide a scaipeadh is a cothaíodh an smaoinemh seo.

Déarfadh duine gur sárobair phoiblíochta a bhí ansin.

Ach déantar neamhaird ghlan de na staitisticí. Faoi bhun 2,000 páiste atá i scoileanna Diwan. Mún dreoilín sa bhfarraige. As seo go ceann leithchhead bliain, rachaidh os cionn ceathrú millíúin cainteoir Briotáinise chun na cille. Seans go dtiocfaidh méadú ar Diwan. Tagadh méadú deich n-uaire air, ní chuirfidh sin cosc ar mheath na Briotáinise. Ní hé gur éirigh go maith le poiblíocht Diwan: is amhlaidh a bhain na meáin chumarsáide cor as an scéal leis an meath a cheilt. D'éirigh leo bás teangan a chur ar chúl sceiche.

Ní miste fiafraí an bhfuil cosúlacht idir seo agus cás na ngaelscoileanna in Éirinn. Is fíor a rá go raibh oiread Gaeilge sa ngnáthbhunscoil tríocha bliain ó shin in Éirinn is atá sa ngnáthGhaelscoil inniu. Bhí líon mór foghlaimoírí Gaeilge ann riamh, ach cén sciar díobh a thug an Ghaeilge leo? Tá líon na bhfoghlaimoírí slán. Ní leor sin.

Níl aon stádas oifigiúil ag an mBriotáinis i bPoblacht na Fraince. Níl léamh ná scríobh a dteanga dúchais ag na Briotáinigh. Baineann an teanga le haicme faoi leith: na feirmeoirí. Níl aon mheánaicme ghairmiúil a chleachtann an Bhriotáinis. Tuairim agus uair an chloig

teilifíse in aghaidh na seachtaine a bhíonn i mBriotáinis. Cloistear gach lá ar an raidió í. Múintear an Bhriotáinis i ndornán beag scoileanna stáit (féach scéal Diwan thuas), agus is ábhar roghnach breise í i meánscoileanna thall is abhus. Is féidir céim ollscoile

a dhéanamh i mBriotáinis ó 1989.


Is mór idir Briotáinis na bhfoghlaimoírí agus na gcainteoirí dúchais: is minic nach dtuigeann an dá dhream a chéile.

Is í an Bhriotáinis an t-aon teanga Cheilteach atá fós á labhairt ar mhór-roinn na mainland?

hEorpa. Tá sí á labhairt ann ón gceathrú haois i leith. Roimhe sin, bhí treibheanna Ceilteacha ag labhairt na Gaillise ó tuairim agus 500 roimh Chríost.

De réir dealraimh, tá ré dhá mhíle go leith bliain ag druidim chun deiridh lenár linn féin.

TÁ AN SUÍOCHÁN IS FEARR IN ÁIRITHE AGAINN DUITSE.



Ó thaobh tuairisciú cuimsitheach iontaofa nuachta. Nuair a theastaíonn uait féachaint ar na scannáin is déanaí, na seónna is anamúla, na pearsana aitheanta. Nuair is mian leat a bheith i lár an aonaigh ag an ócáid mhór spóirt nó sa tsraith thosaigh do cheolchoirm na bliana. Níl ort ach suí siar agus tabharfaimid cois teallaigh chugat é.

RTÉ



The National Lottery raised
£100 million last year for
causes throughout Ireland.
On your behalf.

If you're
one of the
many who
lent a
hand, thank
you.



N í as an raideachas atá cliú ar Bheannchor ach is ann atá cónaí ar Jane Morrice, a toghadh do Thionól Thuaisceart Éireann mar theachta de chuid Chomhcheangal na mBan. Athrú bunúsach sa pholaitíocht thuaidh ab ea toghadh Morrice agus a leathbhádóir, Monica McWilliams.

Le Deirdre Ní Ghrianna

Go dtí seo, ní raibh i bpolaitíocht an Tuaiscirt ach linn uisce mhairbh, lán le fir sheasmhacha, phrionsabálta, dhiúltacha. Ní raibh áit ag mná ach ar lámha a gcuid fear — iad cóirithe go fóirsteanach agus aoibh orthu — lá an toghcháin.

Tuairisceoir leis an BBC ab ea Morrice tráth (“Tá mé cleachtaithe le bheith ag siúl ar an líne bhán”), agus iarcheannasaí oifig Choimisiún na hEorpa i mBéal Feirste. Iarchéimí de chuid Ollscoil Chúil Raithne i staidéar iarthar na hEorpa, phill sí ar an Tuaisceart i ndiaidh seal a chaitheamh sa Bhrúiséal ag obair mar iriseoir agus ansin leis an EC.

Tá sí pósta, agus tá a mac seacht mbliana d’aois. D’éirigh léi sa toghchán i ndáilcheantar Thuaisceart an Dúin. “Scríobadh isteach mé sa dara cuntas déag,” a deir sí.

Ag cur síos uirthi féin di, deir sí gur bhain sí ceann sprice amach nuair a d’éirigh léi áit a fháil sa Tionól. “Is máthair mé go príomha a raibh suim ariamh sa pholaitíocht aici,” a deir sí.

Féadann daoine soiniciúla deardadh ar an pháirtí úr mar ghluaiseacht bhréag-fheimineach de léitheoirí leathanach na mban ar an *Guardian*. Ach is rud nua é i ndáiríre sa Tuaisceart, áit nach mná ach 13 faoin gcéad de na comhairleoirí áitiúla. Tháinig Comhcheangal na mBan — nó Comhcheangal na mBan Uasal



BRISEADH

NA MÚNLAI

Ó THUaidh

mar a bhaist daoine áirithe air — as grúpaí ban d’achan chreideamh, d’achan aoisghrúpa agus d’achan aicme.

“D’fhás an páirtí,” arsa Jane, “chan ón fheimineachas ach ón chomhionannas, ó mhná a bhí ag obair leo go ciúin ar son an athmhuintearais. Siad na saighdiúirí single seo ár neart. Ní dhéanfaidh na hacadúiligh ná na hintleachtóirí ná na daoine gairmiúla inár measc dearmad de choíche gur ag foghlaim uathu seo atá muid — mná a d’oibrigh agus a d’fhulaing sa dóigh is nach ndéanfaí Bosnia eile den Tuaisceart.”

I gcomórtas leis an Deisceart, áit a mbíonn mná sa rialtas agus ar bhain siad an uachtarántacht amach, níor

toghadh ach triúr ban ariamh mar MP sa Tuaisceart, Patricia McLaughlin agus Bernadette (Devlin) McAliskey ina measc. Ba iad an easpa ionadaíochta seo agus an ‘dearcadh diúltach’ a bhí ag na páirtithe seanbhunaithe maidir le mná a chur chun tosaigh — agus guth a thabhairt dóibh i gcainteanna an Fhóraithe — ba chúis le bunú an chomhcheangail.

Tá bua mór amháin ag Jane ar a laghad. “Thiocfadh leat teagmhálaí proifisiúnta a thabhairt orm. Is tábhachtach liom daoine; is mian liom éisteach leo agus labhairt le daoine a bhfuil barúlacha éagsúla polaitíochta acu.

“Goineadh agus brúdh agus íobraíodh mothúcháin na ndaoine. Caithfear meon na muintire eile a fhoghlaim agus a thuigbheáil agus meas a bheith agat orthu. Sin bundualgas atá ar achán duine agus má tá mothúcháin daoine tuigte agat, tá tú píosa fada ar an bhealach chun réitithe leo.”

Maidir leis an mbua stairiúil a bhí ag na mná sa toghchán, deir sí: “Tá líne scríofa i leabhar staire a bhainfidh duine éigin anuas den tseif i gcionn caoga bliain nó níos mó. Anois caithfimid paragraif agus caibidlí a scríobh.”

Idir an dá linn, áfach, beidh sí féin agus a comhghleacaí ag díriú ar “cheisteanna aráin agus ime” sa Tionól.

An lá i ndiaidh an toghcháin, chuaigh sí go dtí an t-ionad comhairimh lena fear céile. D’fhiafraigh mé di caidé ar mhaith léi mar dlaoi mullaigh ar achán rud. Go tochtach a d’fhreagair sí.

“Go mbeadh ár gcuid páistí ábalta fanacht anseo, go mbeadh siad sábháilte, go mbeadh siad ag iarraidh fanacht agus bród orthu as an áit. Má bhím i mo sheasamh san aerphort i gcionn deich mbliana ag fágáil slán le mo mhac, ar a laghad beidh mé ábalta amharc isteach sa dá shúil air agus a rá go dearn mé iarracht.”

"A chomharsanaí na gearradh"

Is minic mé ag caint le daoine faoi amhráin agus a bplé agus a gctoradh. Agus is minic freisin a mbionn ceisteanna againn faoi seo nó siúd, faoi fhocal éicint nó íomhá éicint nó leagan arid de véarsa nó rud éicint eile mar sin. Ins an alt gearradh seo beidh mé ag taitheamh roinnt smaoiní chogaibh faoin mbri a bhraínn féin as cuid de na hamhráin a chloistear.

Ba mhaith liom go n-oibreodh an t-alt seo mar fhóram díospóireachta agus mar fhoinse d'amhráin agus don seanchas atá taobh thiar díobh.

Seans go bhfuil amhrán arid á lorg agat, nó b'fheidir go bhfuil ceist agat faoi leagan arid de, nó tuairimí agat faoi.

Tugann seanchas na n-amhrán tuiscint bhreise dúinn orthu agus ba dheas an rud é



cuid den seanchas sin a bhailiú agus a inscacht arís. Má tá a leithéid agat féin ba bhreá liom cloisteach uait.

Le tús a chur le rudai seo amhrán anois a thaitníonn le go leor leor daoine: Cúirt Bhaile Nua. Ní féidir liomsa smaoinemh ar an amhrán seo gan smaoinemh freisin ar Treasa Ní Mhiolláin as Inis Mór. Tá a stampa féin curtha aici air. Má tá tu ag iarraidh amhráin ins an stíl dhúchasach a fhoghlaim ba dheacair ceann níba fheiltuáil a phiocadh le tosnu air.

Cúirt Bhaile Nua

Lá breá dár éiríos ar maidin,
Ag triall dhom ar Chúirt Bhaile Nua.
Cé a d'fheicfinn ach mo Neilí 's í ag gabháil tharam,
'S ba ródheas a leagan 's a snua.

Bhí a grua bán níba ghile ná an eala,
'S ná sneachta mín éadrom an lae.
'S a stóirín nach trua leat mo chás-sa,
Mar is lag lúbach a d'fhága tú mé.

'S tá teachín deas gleoite sa ngleann a'm,
Agus bím ann go huaigneach liom féin,
'S dhá dtiocfadh mo Neilí ar cuairt a'm,
Thabharfainn póigín deas milis dá béal.

'S nach iomaí cailín óg deas a chraithfeadh lámh liom,
'S a thiocfadh sa teach a'm le mí,
Ach dhá bhfaighinnse leo ór buí agus diamonds,
'Sí Neilí atá i gceartlár mo chroí.

'S cén t-iontas dhá lasfadh an talamh,
'S cén t-iontas dhá mbrisfeadh mo chroí,
Cén t-iontas do mo shúile a bheith leáite,
'S a liachtaí deoir a shil siad le mí.

'S tá mise tinn brónach le fada,
Deir mo mhuintir gur athraigh mo shnua,
Ag dearcadh go géar ar an gcaílín,
Atá ina cónaí i gCúirt Bhaile Nua.

Ach brón ar an té nach mbíonn críonna,
'S nach ndéanann gach ní mar ba chóir,
Mar is mise mé féin a bhí ciontach,
Nach ndeachaigh mé in am faoina comhair.

Agus thabharfainnse cáil agus cliú di,
Ach níl goir a'm labhairt léi níos mó,
'S go siúlfainn seacht ríochta na hÉireann,
Leis an bpéarla atá i gCúirt Bhaile Nua.

Tá scéal an amhráin an-soiléir, le pictiúr i ngach véarsa - rud a chabhraíonn linn cuimhneamh orthu. Úsáidtear an fhuaim "ú" do na focail "snua" "shnua" "mó" agus "nua" chun an rím a choinneáil slán.

Deirtear go bhfuil Cúirt Bhaile Nua i gContae Mhuigh Eo. Má tá tú ag iarraidh éisteacht le Treasa Ní Mhiolláin dhá chasadh tá sé ar fáil ar An Clochar Bán, Cló Iar-Chonnachta CIC 022, agus ar chéirnín a tháinig amach blianta ó shin dar teideal Amhráin as Árainn agus as Conamara, Gael-Linn CEF 038. Casann Micheál Ó Seighin leagan eile de agus úsáideann sé an fonn a úsáidtear do Bean a' Leanna i gConamara.

Is minic téamaí áirid nó íomhánna áirid ag teacht aníos sna hamhráin mar shampla: "Deir mo mhuintir gur athraigh mo shnua." (Breathnaítear ar an ngrá mar ghalar a chuireann tinneas ar an duine.) Nó: "Mar is mise mé féin a bhí ciontach / Nach ndeachaigh mé in am faoina comhair." *For courting too slowly . . .*



"Tá teachín deas gleoite sa ngleann a'm..."
An t-amhránaí sean-nós Treasa Ní Mhiolláin as Árainn

Más mian leat uibhar a chur faoi bhuid Antaine nó ceist a ardtú leis faoina bhfuil ráite, cuir ríomhphost chuige ag cuisle@tine.ie nó seol nota isteach chuige faoi chivram Cuisle. An tEistat Tionsclaíochta, Casla, Co na Gaillimhe.

Téann Cuisle



go domhain
sa scéal

CUISLE

15 EAGRÁN AR £20!

Glac síntiús agus gheobhaidh tú suas le cúig eagrán
saor in aisce

Get up to five free issues when you subscribe to **Cuisle**

Cuirfidh muid an chéad dá eagrán eile de *Cuisle* chugat – SAOR IN AISCE. Má thaitníonn siad leat, ní íoctfaidh tú ansin ach IRE20 nó UKE20 (US\$30) le haghaidh naoi gcinn eile. Sin 11 eagrán san iomlán, ina measc eagrán speisialta Iúil/Lúnasa. AGUS, mar thairiscint speisialta ar thairseach na mílaoise, leanfaidh muid ar aghaidh ag cur na hirise chugat gach mí go dtí Eanáir 2000!

Níl aon cheangal ortsa leanacht leis an síntiús tar éis an chéad dá eagrán a léamh. Muna dtaitníonn siad leat, ní call duit ach na focail 'CUIR AR CEAL' a scríobh ar an mbillle a chuirfidh muide chugat agus é a sheoladh ar ais chugainn. Cuma céard a shocraíonn tú, beidh an dá eagrán agat le coinneáil i gcónaí. Ní gá ach an fhoirm thíos a líonadh isteach agus a chur sa phost.

We'll send you the next two issues of Cuisle – ABSOLUTELY FREE. If you like them, you'll pay just IRE20 or UKE20 (US\$30) for nine additional issues, including the special July/August summer issue. AND, if you subscribe then you will avail of our special millennium offer: at no extra cost we will continue to post you the magazine until January 2000. That's up to five free issues of Ireland's premier Irish-language magazine.

If you're not completely satisfied with your preview copies, simply write 'CANCEL' on your invoice and return it. You'll owe nothing, and the free issues will remain yours to keep. Just fill in the form below and send it on.

Ainm/name

Sloinne/surname

Seoladh/address

.....

.....

Teil/tel

Ríomhphost/Email

Síniú/signature

Dáta/date

Cití Cailleach

Korky Paul agus Valerie Thomas

Liam Mac Cóil a d'aistrigh



Bhí cónaí ar Chití Cailleach i dteach dubh. Bhí mórán chuile shórt sa teach sin dubh – na cairpéid, na cathaoireacha, na pictiúir ar na ballaí, an leaba agus na brailíní féin. Bhí an folcadán dubh go fiú.

Ar ndóigh bhí an cat dubh freisin, rud a d'fhág fadhb ag an gCailleach. Ní bhíodh sí in ann é a fheiceáil nuair a bhíodh a shúile dúnta...

Scéal nua iontach greannmhar le pictiúir dá réir. Oiriúnach do pháistí 8-11 bhliain d'aois.

4.50

ISBN 1-85791-230-6

Direach Foilsithe

Cití sa Gheimhreadh

Korky Paul agus Valerie Thomas

Níl Cití ná a cat, Smúróg, róshásta leis an ngeimhreadh. Go deimhin tá siad bréan bailithe de. Sneachta agus leac oighir ar fud na háite agus iad araon ar crith leis an bhfuacht.

Ansín buaileann smaoineamh Cití...

Scéal nua iontach greannmhar le pictiúir dá réir. Oiriúnach do pháistí 8-11 bhliain d'aois.

4.50

ISBN 1-85791-273-X

An Gúm, 44 Sráid Uí Chonaill Uacht.

Teil: 8095034 Facs: 8734700 Ríomhphost: gum@educ.irigov.ie



BROTHERS OF CHARITY

Ionad Bruach na Mara, Eastát Tionsclaíochta, Casla,
Co. na Gaillimhe

091-572301

*Lucht déanta boscaí cairtilléir ag freastal ar
an dtionscal déantúsaíochta sa nGaeltacht*



Bosca 'n Iarthair Teo

Casla, Co. na Gaillimhe
Teil: 091572442 Facs: 091-572450

**Déantúsóirí sainollte ar phacáistiú le
earraí a chur i láthair**

Casla Múnlaí Teo

An tEastát Tionsclaíochta, Casla, Co. na Gaillimhe

Mar soláthróirí ar phacáistiú don tionscal
leictreonach agus ardteicneolaíoch ba mhaith
linn gach deá-mhéin a chur le CUISLE



INSTITIÚID NÁISIÚNTA TRAENÁLA AGUS FORBARTHA

Eastát Tionsclaíochta, Casla,
Co. na Gaillimhe
091-572210

Le gach deá-mhéin

STAI SIÚN SEIRBHÍS BHREATHNACH



Casla, Co. na Gaillimhe
Tell: 091-572169
Mobile: 086-2525088



Le gach deá-mhéin

Le gach deá-mhéin ó

TRANSNOVA

An tEastát Tionsclaíochta,
Casla,
Co. na Gaillimhe

TIGH KHITT O'FLAHERTY'S BAR

Casla
Co. na Gaillimhe

Le gach deá-ghuí

ÓSTÁN NA CEATHRÚN RUA




An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Teil: 091-595116

**Óstán Carraroe
Holiday Village**

Le gach deá-mhéin



Fáilte chuig
AN FHUINNEOG,
ceithre
leathanach
speisialta de
altanna,
nathanna
cainte, cluichí
agus comórtais.
Léim isteach....

VIA-GRÁ

1. Más ainmhí allta thú atá i mbaol, tá faoiseamh ar fáil – viagra, an druga nua gnéis atá i mbéal na bhfear ar fud an domhain mhóir. Tá tóir aisteach ar an druga seo, a chuir splanc nua sa tslat ag na mílte fear ó tháinig sé ar an margadh sna Stáit Aontaithe san earrach.

2. Anois tá lucht caomhnaithe ainmhithe ar nós srónbheannach dubh na hÁfraice, an panda, agus oryx adharcach Sahara, ag súil go n-éireoidh leis an druga brí nua a thabhairt dóibh. Adharc a chur ar an adharcach in athuair, más mian leat.

3. Ceann de na fadhbanna is mó a bhíonn acu, agus iad ag iarraidh na n-ainmhithe a spreagadh chun gnímh, ná an easpa suime a léiríonn siad i gcúrsaí gnéis nuair a chuirtear isteach sa zú iad. Gan fiacail a chur ann, ní maith leo é a dhéanamh ar stáitse, agus cé a thógfadh orthu é?

4. Ainneoin gach iarracht go dtí seo – coinnele, fíon dearg, Mozart – is minic nach gcaitheann siad ach súil fhánach ar a gcéilí leapan. Ach cuireann viagra an fhuil ag rásaíocht sna cuislí, agus tá an lucht taighde ag súil go laghdóidh sé náire na bpríosúnach.

5. Deir urlabhraí thar ceann Pfizer, a dhéanann viagra, nach bhfuil na tástálacha sláinte a theastaíonn curtha i gcrích go fóill. Mar sin féin, a deir sí, tá cead ag lucht na zúnna an fhreagracht phearsanta a ghlacadh orthu féin an druga a dháileadh – díreach ar an gcaoi chéanna is atá an druga á thabhairt amach do na fir sna Stáit.

6. Cé go bhfuil a chontúirt féin ag baint leis seo, measann saineolaithe áirithe go bhfuil an druga níos fearr agus níos sábháilte ná an rud a chleachtaítear faoi




láthair. Mar shampla, le síol a bhailiú ó ainmhithe ar nós an srónbheannach, tugtar 'spreagadh' leictreach sna magairlí dóibh. Ní i gcónaí a oibríonn sé seo, agus chuile sheans go mbíonn sé an-phianmhar don *rhino* bocht.

7. Pé scéal é, tá scéal viagra á scaipeadh go sciobthaí ar fud an domhain. Sa chéad trí mhí ó cuireadh an druga ar an margadh sna Stáit, tugadh amach thart ar dhá mhilliún oideas. Meastar go mbeidh tóir ollmhór air in Éirinn ó tá sé ceadaithe ar an margadh abhus.

8. Idir an dá linn, muna dteastaíonn uait fanacht le triail a bhaint as tá cogaslann Meiriceánach ag tairiscint 'saoire viagra' dá chustaiméirí. Turas fillte go baile beag i Missouri atá i gceist, le scrúdú leighis, oideas do viagra, óstán agus leaba dúbailte. Mar chuid den socrú, tabharfar ticéidí chuig ceolchoirm de chuid na ndeartháireacha Osmond dóibh siúd nach n-éiríonn le viagra.

1 ainmhí allta - a wild animal; faoiseamh - relief; splanc sa tslat - a spark in the 'slat', the rod; 2 lucht caomhnaithe ainmhithe - animal conservationists; srónbheannach - rhino; brí nua - new life; 3 a spreagadh chun gnímh - to encourage activity; gan fiacail a chur ann - to put it bluntly; cé a thógfadh orthu é? - who'd blame them? 4 Ainneoin gach iarracht - despite all efforts; súil fhánach a chaitheamh - a halfhearted look; céile leapan - bed-fellow; lucht taighde - researchers; 5 urlabhraí - a spokesperson; tástálacha sláinte - health tests; curtha i gcrích - completed; an fhreagracht phearsanta - the personal responsibility; dáileadh - distribution; 6 contúirt - danger; saineolaithe áirithe - certain experts; magairlí - testicles; 7 oideas - prescription; 8 triail a bhaint as - to give it a go; turas fillte - a return trip; scrúdú leighis - medical check-up;



An Taj Mahal

1. I gcathair Agra in oirthuaisceart na hInde atá an Taj Mahal, dhá chéad míle soir ó dheas de Delhi Nua. Ba í Agra príomhchathair na Mogal, treibh Mhuslamach a bhain ceannas na dúiche amach i 1526. Shah Jehan an t-ainm a bhí ar an té a chuir an Taj Mahal á thógáil, agus ba den chúigiú glúin Mogal san Ind é. Mumtez Mahal ab ainm dá bhean, céile d'fís agus comhairleoir polaitiúil dó. Nuair a bhí trí bhliana caite ag Shah Jehan ina impire, fuair Mumtez Mahal bás agus í ag breith clainne. Chaoin a fear í ar feadh dhá bhliain, agus le linn a chuid uaignis is ea a smaoinigh sé leacht a thógáil i gcuimhne uirthi. Is é an Taj Mahal an leacht sin.

2. Cuireadh tús leis an obair i 1632, agus bhí láimh ag fiche míle fear ann: saortha cloch agus seod, innealtóirí agus garraíodóirí. Tugadh clocha luachmhara thar tír isteach: turcaid as Tibet, oinisc ó dheisceart na hInde, agus gaineamh grúáin ón bhfarraige. Thug aos trádála na háise diamaint, saifir, smaragaid agus rúibín leo, agus leag na ceardaithe go deaslámhach sa marmar iad. Bhí cáil ar an Taj Mahal ar fud an domhain sular cuireadh bail críche air, agus lean cáil na hInde cáil an teampaill.

3. Is duine deabhóideach a bhí i Shah Jehan, agus is dóigh gurbh iad grá Dé agus grá an duine araon a

spreag é le macasamhail na bhflaitheas a chur ar domhan. Tá gach cuid den Taj Mahal lán le héirim na spioradáltachta. Tá ceithre thúr mórthimpeall air – sin iad a ghairmeann na Muslamaigh chun searmanais. Tá blátha na loiteog ann, siombal na beatha i dtraidisiún na Hiondúch. Tá nós dealbhadóireachta an *pietra dura* ón Iodáil ann: sin é an bealach le seoda a leagan isteach sa marmar mín, geal. De réir na nIoslamach, bíonn na flathis lán le bláthanna, agus bíonn tuamba Mumtez Mahal brataithe le bláthanna ar feadh na bliana freisin.

4. Tá dath an ghlancreidimh ar an marmar bán. Péarlaí a shamhlaíonn na Muslamaigh leis. Dar leo gurbh iad na péarlaí seo bunábhar an domhain. Gluaiseann sruthán tríd an ngáirdín, faoi mar a ghluaiseann sa saol eile de réir na nIoslamach, agus déanann an sruth seo ceithre chuid den gháirdín, uimhir a mbíonn rath uirthi. Is é fairsinge na cruinne a samhlaítear leis an leathchruinneog ar bharr an teampaill. “Pian, tine agus damnú atá i ndán do pheacach,” arsa sliocht as an Koran atá greannta sa gloch. Agus: “Bí i measc mo chuid searbhóntaí agus bí láimh liom i bpárrthas na naomh.” “The ivory gate through which all good dreams pass,” a thug Rudyard Kipling ar an Taj Mahal. Is niamhrach an radharc é ag snámh i gceo na maidne.

1. **oirthuaisceart** – northeast; **dúiche** – country; **comhairleoir polaitiúil** – political advisor; **impire** – emperor; **ag breith clainne** – childbirth; **chaoin** – mourned; **a chuid uaignis** – his grief; **leacht** – monument.

2. **saortha cloch agus seod**

– stonecutters and jewelers; **innealtóirí agus garraíodóirí** – engineers and gardeners; **clocha luachmhara** – precious stones; **turcaid** – turquoise; **oinisc** – onyx; **gaineamh grúáin** – coral; **saifir** – sapphire; **smaragaid** – emerald; **rúibín** – ruby; **bail críche** – finishing touch; **cáil na hInde** – India's fame.

3. **deabhóideach** – devotee; **araon** – both; **macasamhail na bhflaitheas** – the image of paradise; **éirim na spioradáltachta** – the essence of spirituality; **gairm** – to call; **blátha na loiteog** – the lotus flower; **nós dealbhadóireachta** – style of sculpture; **brataithe le** –

strewn with.

4. **glancreidimh** – pure faith; **rud a shamhlú le...** – to imagine something as; **bunábhar** – basic matter; **rath** – fortune; **fairsinge** – expanse; **leathchruinneog** – dome; **an peacach** – the sinner; **greannta** – carved; **niamhrach** – splendid.

SCIORRADH PINN

Gach mí, foilseoidh Cuisle sliocht próis le scríbhneoir cumasach. Más beag leabhar Gaeilge a léann tú, tá súil againn saothair mhaithe a chur ar do shúile duit. Más mór do dhúil i léamh na Gaeilge, ach gan fios agat cén taobh a gcasfaidh tú, tá súil againn gur treoir duit a bheas i rogha Cuisle. Seo é an chéad sliocht.

AN DOCHTÚIR ÁTHAS le Liam Mac Cóil
Leabhar Breac 1994

Briseadh thar Bruach

Sílím gur thart ar an am seo a thosaigh ualach agus ábhar na seisiún ag briseadh thar an mbruach, ag dul thar fóir, mar a déarfá, ní hamháin i mo shaol pearsanta, idir ballaí bána mo bhlaoise, ach ar bhealach beag éigin isteach i saol mo chuid oibre, chomh maith. Bhí an chaint seo faoi pharanóia ag goilliúint orm. Bhí sé tarraingte anuas ag Áthas arís – céard eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist aige ach go raibh mise paranóiach? Ní fhaca mé an t-am sin, an rud a thuigimse anois go rímhaith, is é sin gur faoi féin a bhíodh Áthas ag caint. Ag an am sin, áfach, bhí crandaí bogadaí na mothúchán imithe ó smacht orm. Cuid den locht orm féin, gan amhras, nó níor chuir mise dóthain ceisteanna air. Rinne mé dearmad Willy Melon a lua leis fiú amháin. Tá sé furasta caint i ndiaidh an bhirt.

An chéad rud a chonaic mé nuair a tháinig mé isteach san oifig an lá tar éis an tseisiúin – is rud suarach é, ach is sampla é den chaoi a raibh cúrsaí ag cur orm – banda leaisteach ina luí ar mo dheasc, banda buídhonn casta air féin i gcruith chomhartha na hinfinide. Níor chuimhin liom é a fhágáil ann an lá roimhe sin.

Shuigh mé síos ag an deasc, mo cheann idir mo dhá lámh. Bhí a fhios agam gur beag obair a bheinn in ann a dhéanamh an lá sin. Bhí an tinneas tar éis mé a bhualadh, déarfá, an tinneas a shíl mé nach raibh orm, an tinneas nach bhféadfaí teacht air, rinne sé pleoite bocht éagumasach díom, dealbh neamh-mheabhrach nach raibh tada ar a chumas ach stánadh roimhe. Tar éis tamaill, tháinig mé chugam féin. Shocraigh mé ar leathlá a thógáil dá dtabharfaí dom é. Bhí roinnt laethanta saoire fós ag dul dom. An uair dheireanach a bhí mé thíos ionam féin faoi sheisiún Áthas rinne mé staidéar ar Freud. Shocraigh mé an rud céanna a dhéanamh arís anois. Agus cén áit ab fhéarr a dhéanfainn sin ná i Leabharlann an Chreidimh agus na Fealsúnachta?

blaosc: *cloigeann*

ag goilliúint orm: *ag cur as dom*

crandaí bogadaí: *seesaw*

banda leaisteach: *elastic band*

pleoite: *amadán*


éagumasach: *gan chumas*

neamh-mheabhrach: *gan mheabhair*

stánadh romhat: *staring*

fealsúnacht: *philosophy*

comhartha na hinfinide: *the symbol of infinity*



'Gach Éan mar a Oiltear, is an Eala ar an Uisce'


Tabhair míniú beacht ar an seanfhocal seo thuas, agus seol isteach chugainn é. Tabharfaidh nuide síntiús bliana in aisce don mhíniú is deise linn.

Seol iad chuig:

Comórtas, Cuisle,

An tEastáil Tionsclaíochta,

Co na Gaillimhe.



IASCAIREACHT BREACH

Nach minic togha na drochGhaeilge ar na comharthaí bóthair! Ceartaigh an ceann seo, agus seol an freagra chuig: Cuisle, An tEastát Tionsclaíochta, Casla, Co na Gaillimhe. Síntiús bliana in aisce don chéad fhreagra ceart aníos as an hata.

LEAGAN CAINTE

LIAM MAC CON IOMAIRÉ

FÚT FÉIN ATÁ SÉ (leagan nádúrtha Gaeilge ar 'It's up to yourself') an chéad mholadh a déanadh ar *Leagan Cainte* ar Raidió na Gaeltachta nuair a chuaigh an clár ar an aer ar dtús i mí Eanáir 1995. Níl a fhios agam an ndearna an moladh aon mhaith nó nach ndearna ach spreag sé litir bhreá ó Phádraig Ó Néill i nGaillimh inar dhúirt sé: "Caithfear a chur ina luí ar Ghaeilgeoirí, idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimeoirí, gur míorúilt í an teanga, gur toradh saothar na milliún gan áireamh i gcaitheamh bunáite c. 8,000 bliain an Ghaeilge féin agus go scáilíonn sí go beacht cé mar a cheap agus cé mar a ghaibh na Gaeil agus a sinsir an saol, an duine agus a chuid imeachta agus cé mar a chuir siad in iúl dá chéile

cé mar a chuaigh an saol i gcionn orthu. Mar sin nuair a mholann sibh leagan mar 'Fútsa atá sé' in áit 'Tá sé suas duitse' níl sibh ach ag mórú treise agus áilleacht

nádúrtha le 'That does not make (any) sense' a rá, ach cloistear 'Ní dhéanann sé sin ciall' - aistriú díreach ón mBéarla agus sampla eile den sáinniú agus den

agus tá an dá leagan ceart. Ach níor cheart go ndéanfaí dearmad ar an bhfocal **call**, anois nuair atá **call agus easpa** ('need and want') ar an teanga féin. Sílim go gceapann daoine gurb é **call** an Bhéarla (i.e. 'glaoch') atá i gceist ach ní hé. Is focal breá folláin Gaeilge é **call**: "Le linn an Ghorta Mhóir fágadh **call agus ocras** ar dhaoine" ('People were left in want and hunger'); "**Ní call a rá**" ('There is no need to say / It goes without saying'), agus aroile. Ní **call** a rá go bhfuil '**Ní gá a rá**' ceart freisin!

Bíonn an clár Leagan Cainte le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta ar an Aoine ar 3.30 p.m. (athchraoladh). Is iad Eibhlín Ní Mhurchú, Seosamh Ó Cuaig agus an Dr Dónall Ó Baoill foireann an chláir agus is é Liam Mac Con Iomaire a bhí ina chathaoirleach orthu.

"Cineál ceoil í an teanga a labhraímid agus bíonn a port féin ag gach teanga, amhail éanlaith an aeir beagnach."

na teanga - agus, i ndeireadh báire, ag inseacht na fírinne . . . Cineál ceoil í an teanga a labhraímid agus bíonn a port féin ag gach teanga, amhail éanlaith an aeir beagnach. Ní mór cead a cinn a thabhairt don teanga in áit a bheith á sáinniú agus á teanntú."

Tá ciall leis an gcaint sin.

Níl aon chiall, ná aon **chall**, le leagan cainte a chloistear sách minic le tamall anuas: 'Ní dhéanann sé sin ciall'. '**Níl aon chiall leis sin**' an bealach

teanntú a bhí i gceist ag Pádraig Ó Néill. Dhéanadh 'Níl ciall ar bith leis sin' nó 'Níl ciall ná réasún leis sin' go breá freisin.

Maidir leis an leagan sin: '**Níl aon chall leis**' nó '**Níl call ar bith leis**' ('There is no need for it'), is leagan ceart nádúrtha é a mbíonn faitíos ar dhaoine a scríobh, sílim, mar go gceapann siad gur '**Níl aon ghá leis**' nó '**Níl gá ar bith leis**' is cirte. Tá an dá leagan an-chosúil le chéile le rá, is é an rud céanna a chiallaíonn siad

Leabhair Ghaeilge don Uile Dhuine!

Ní raibh riamh go dtí seo rogha níos fearr de leabhair Ghaeilge ar fáil — san am i láthair, soláthraíonn ÁIS breis agus 2,500 teideal don tionscail leabhar in %oirinn agus thar sáile.

Is leabhair iad seo a fhreastalaíonn ar raon ábhar spéise agus ar chumais éagsúla sa Ghaeilge.

Buail isteach sa siopa leabhair is gaire duitse — gheobhaidh tú lón macnaimh ann!

ÁIS

Áisínteacht
Dáiliúcháin Leabhar
31 Sráid na bhFíiníní
Baile Átha Cliath 2
Fón 01 661 6522. 661 6259
Facs 01 661 2378

Aonad de chuid  Bord na Gaeilge



Seo í AN CHLÚID,
áit chompórdach
cois tine don
tuismitheoir agus
don pháiste.
Tarraing suas do
chathaoir.
Fáilte isteach!

Have you ever thought of trying to raise your kids with Irish, but despaired at the lack of available support? Help is finally on the way, reports Dearbhla Ní Lúbaigh

Dea-Chomhluadar

“IS DÚSHLÁN faoi leith é páistí a thógáil le Gaeilge i saol a bhfuil an oiread sin Béarla thart timpeall orainn,” a deir Máire Nic Ghiolla Phádraig, Rúnaí Chomhluadar. Bunaíodh Comhluadar cúig bliana ó shin chun tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge.

i rith na bliana agus cuirtear nuachtlitir amach trí uaire in aghaidh na bliana chun baill a choinneáil suas chun dáta faoi imeachtaí atá ag teacht suas.”

3. I mbliana fuair Comhluadar seacht míle punt breise, anuas ar an deontas bliantúil tríocha míle punt, ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán. Leis an airgead breise tá Comhluadar ag súil go n-éireoidh leo tabhairt faoina gcuid seirbhísí ar bhonn níos foirmeálta.

4. I measc na rudaí a cheapann Máire gur ghá do Chomhluadar tabhairt fúthu, tá an deacracht teacht ar fheighlí linbh le Gaeilge. Is féidir le páiste os cionn trí bliana d’aois dul ag naíonra Ghaelach, ach fágann sé sin bearna do pháistí atá níos óige ná sin. Dar le Máire go bhfuil gá le naíolanna a reachtáil trí Ghaeilge, ach go mbeadh fáilte roimh pháistí gan Ghaeilge freisin. “Chun a bheith réadúil faoi, is ar éigean go bhféadfadh ceann lánGhaelach do pháistí ó theaghlach le Gaeilge amháin maireachtáil.” Ina ionad sin, ceapann sí gur cheart díriú isteach ar fheighleoireacht dhátheangach a aimsiú.

5. Dar le Seosamh Mac Donnachadha, ball de choiste Chomhluadar, go bhfuil dhá ghnó acu faoi láthair ar mhian leo forbairt a dhéanamh orthu. Ar an gcéad dul síos, beidh siad ag déanamh a ndíchill tuismitheoirí nua a spreagadh, chun cur leis an líon teaghlach a bhfuil an Ghaeilge mar theanga labhartha acu. Chuige sin, leis an seacht míle punt breise atá faighte acu, beidh treoirleabhar á chur le chéile ag Comhluadar faoi na roghanna atá ag tuismitheoirí ag tógáil clainne le Gaeilge. “Beidh idir chomhairle ó thuismitheoirí eile agus chomhairle phroifisiúnta ó dhuine a bhíonn ag plé leis na cúrsaí seo go gairmiúil sa treoirleabhar.”

Dearbhla Ní Lúbaigh

2. “Taobh amuigh den teaghlach, is í an Ghaelscoil an t-aon timpeallacht eile le Gaeilge ann. Cuireann Comhluadar eolas ar fáil faoi earraí agus acmhainní a bheadh úsáideach ar nós leabhair Ghaeilge, fisteípeanna, cluichí agus mar sin de. Eagraíonn siad imeachtaí do na teaghlach

1. **comhluadar** company
dúshlán challenge - a thógáil
to rear/bring up - an oiread
sin such an amount
bunaíodh was founded
tacaíocht support - ag tógáil
clainne rearing a family

2. **teaghlach** family
timpeallacht environment
earraí goods - **acmhainní**
resources - **fisteípeanna**
video tapes - **eagraíonn** siad
they organise - **imeachtaí**

tuismitheoirí parents - **nuachtlitir** newsletter
baill members - a
choinneáil suas chun dáta
to keep up to date


3. **antas** ar on top of
deontas grant, subsidy
Roinn Ealaíon, Oidhreacht,
Gaeltachta agus Oileán
Department of Arts,
Heritage, Gaeltacht and
Islands - **tabhairt** faoi

undertake - **bonn** basis

4. **i measc** amongst
deacracht difficulty - **feighlí**
linbh child-minder - **naíonra**
Ghaelach - Irish playschool -
bearna gap - **naíolanna**
nurseries/crèches - a
reachtáil to run/organise
réadúil realistic - **ar éigean**
hardly - **mairachtáil** survive
ina ionad sin instead of

leith - **feighleoireacht**
dhátheangach bilingual
child-care


5. **ar mhian** would like
forbairt develop - **spreagadh**
encourage - **teanga labhartha**
spoken language -
treoirleabhar guide book
na roghanna the choices -
comhairle advice - go
gairmiúil professionally



Seo iad Cill Dara agus Gaillimh. Nó Ciarraí agus Baile Átha Cliath. Tá siad ag imirt i bpáirc an Chrócaigh. Is anpheileadóirí iad. Cén contae is fearr leatsa? Cén dath a bhíonn ar an gcontae sin? Cuir dathanna ar na himreoirí.

An maith leatsa pictiúirí a tharraingt? Tarraing pictiúr agus cuir chugainn é. Má fhoilsímid do phictiúrsa, cuirfidh muid bronntanas chugat. Is é ár seoladh ná:

Cuise,
An tEastát
Tionsclaíochta
Casla,
Co na Gaillimhe.



Tá Rua ina chónaí sa gClúid. Is leon é, leon mantach. Labhraíonn sé leis na páistí.

Is mise Rua. Tá mé i mo chónaí sa gClúid. Is maith liom pictiúirí. Agus scéalta. Scéalta sula dtéim a chodladh. Tá mo scéal féin agam freisin, a pháistí! Abair le Mamaí nó Deaide é a léamh duit.

RUA agus NUA

Leon ab ea Rua, agus bhí saol breá aige. Ba le cailín beag é, cailín a thugadh bia blasta dó, agus bhí ciseán te teolaí aige áit nach gcuireadh dada isteach ná amach air.

Ach tharla rud lá. "Céard é seo?" arsa Rua de gheit, "caitín beag?"

"Seo é Nua," arsa an cailín beag, "do chara nua. Nach deas é?"

Ach níor theastaigh cara nua ó Rua. Bhí súil aige go n-imeodh Nua. Baol air!

Gach áit a dtéadh Rua, leanadh Nua é, é ag léimt 's ag damhsa ina thimpeall. D'óladh sé an bainne i mias Rua fiú. An diabhairín!

Rud ba mheasa, dhéanadh Nua áit dó féin i gciseán Rua, agus ní dheireadh an cailín beag dada leis. Shocraigh Rua go n-imeodh sé.

Agus d'ímigh leis. Bhí Nua leis féin, agus chuaigh sé a chodladh sa gciseán.

Ach bhí an ciseán folamh. Chuaigh sé isteach sa gcistineach.

Suas leis ar an mbord gur ól sé deoch bainne sa gcrúsca. "Síos leat, a Nua," arsa an cailín beag go crosta. "Cén fáth nach bhfuil tú ag spraoi le Rua?"

Chuardaigh sí Rua, ach ní raibh sé ann. "Tá súil agam nach bhfuil sé imithe orm," arsa sí.

Chuir sí uirthi cóta agus bróga, agus amach léi faoin mbáisteach. Faoi dheireadh thiar, chonaic sí Rua bocht, é istigh faoin sceach ina libín báite.

Thug an cailín beag Rua agus Nua abhaile. Thug sí béile te do Rua, agus a phláta féin go Nua.

Chuir sí Rua a chodladh ina chiseán féin, agus Nua i mbosca beag ar leith.

Agus nuair a tháinig sí ag breathnú orthu ar ball, céard a chonaic sí, ach Rua agus é istigh sa mboiscín beag le Nua. Cé a cheapadh é! Bhí siad mór le chéile faoi dheireadh.

Má bhí . . .

(Ar lean an mhí seo chugainn)

CAMCHUAIRT CHONAMARA


IS ABHAINN cháiliúil iascaireachta í Inbhear Mór. Téann sí i bhfarraige díreach taobh thiar de Rosmuc, agus tá sí ina teorainn idir dhá dhúiche ársa. D'fhéadfaí croílár Chonamara a a thabhairt ar an gceantar taobh thiar den abhainn; ba le dream ar a dtugtaí na Conmaicne an limistéir seo tráth. Ceaptar gur de shliocht Chonmaic iad, mac le Fergus Mac Róich. Tugadh Conmaicne nó Treabh na Farraige ar an gceantar seo le hidirdhealú a dhéanamh idir é agus na limistéir eile a bhí acu. Uaidh seo a tháinig an t-ainm Conamara.

Nuair a rinne údarais na banríona Éilis Connacht a roinnt ina contaetha sna 1580í, thug siad Barúntacht Bhaile na hInse ar an gceantar seo. Cuireadh an tseandúiche taobh thoir den abhainn ar a dtugtaí Gnó Mór isteach le Barúntacht Mhaigh Cuilinn. Sa lá atá inniu ann, áfach, glactar leis go gclúdaíonn an t-ainm 'Conamara' an chuid is mó den cheantar as seo soir go cathair na Gaillimhe freisin, agus níl daoine ar aon intinn faoi chríocha an cheantair.

Thug Roderick O'Flaherty 'Inverglassan' ar an abhainn féin ina leabhar *Iar Connaught*. 'Inbhear Glasáin' a scríobh Ó Donabháin i nGaeilge, ach thug sé le fios go raibh ceo na mblianta ar an ainm sin lena linn féin. Sa lá atá inniu ann ní thugtar ar an abhainn ach Inbhear Mór, is é sin béal mór na habhann. Tá Inbhear Beag suite leathmhíle níos faide soir. Is abhainn í seo a éiríonn i Loch Inbhear Beag, díreach ó thuaidh de bhóthar an chósta. Faigheann an loch seo a cuid uisce as sruthán a éiríonn sa loch is mó sa cheantar, Loch an Oileáin, loch atá suite beagán níos faide isteach faoin tír. Tugtar Loch Inbhear na gCléireach ar Loch an Oileáin ar mhapa Ordanáis na Suirbhéireachta. Is ó 'Log na gCléireach', gleann na sagart, a tháinig an t-ainm seo, áit atá suite soir ó thuaidh ón loch. Léití an tAifreann ann aimsir na bPéindlíthe.

Loch an Oileáin

An t-ainm a thugtar ar an loch anois, Loch an Oileáin, is tagairt atá ann don oileán atá ar an loch a bhfuil seanteach álainn iascairí suite air, agus crainnte agus gairdíní mórthimpeall air. Is duine darbh ainm James O'Hara a thóg an teach seo am éigin sular deineadh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis in 1839. De réir leabhar Stephen Gwynn *A Holiday in Connemara*, tá sé ráite gur ar an oileán a tógadh an teach ionas nach gcuirfeadh na daoine a bhí ag



TIM ROBINSON

fáil bháis leis an ngorta isteach ar na hiascairí. Tugann sé le fios áfach gurb é an nós a bhí ann le linn a chuairte fuilleach an éisc, ar a laghad, a thabhairt do na boicht. Chaith Gwynn tréimhse sa gceantar, le linn úinéireacht an Tiarna Dudley sílim. (Sin é William Humble Ward, an dara Tiarna Dudley, 1867-1932, Ard-Leifteanant na hÉireann 1902-1905 agus Ard-Ghobharnóir ar an Astráil ina dhiaidh sin.)

Tugann Gwynn cuntas barúil ar an lá ar tháinig sé go bruach an locha, áit a raibh air fanacht go dtí gur tháinig an buitléir amach ón oileán chuige, gur bhailigh sé a chárta aitheantais agus gur thaispeáin sé do Mháistir an Tí é. Nuair a bhí an méid seo déanta, tugadh cead isteach ar an oileán do Ghwynn.

Théadh na huaisle ag iascach ar ndóigh ar go leor de na locha atá scaipthe ar fud an cheantair fhairsting phortaigh seo. Leagadh síos clocha cise - clocha cosáin - dóibh, agus tugadh bóithre na nUaisle orthu seo tar éis tamaill. Téann ceann de na cosáin seo soir ó Loch an Oileáin chomh fada le Loch na hAille Daraí. Is bóthar portaigh atá i gcuid den chosán seo anois, Bóithrín an Loigín, agus téann sé thar mhullán cloiche, Cloch Mhór an Phríosúin. Tugtaí príosúin ar phíosáí boga portaigh agus tháinig mé ar an ainm seo ar roinnt áiteanna eile ar fusa i bhfad dul iontu ná a theacht astu.

Ag filleadh ar an bpríomhbhóthar cois cósta anois agus m'aghaidh soir tá loch beag, Loch Lathach na gCapall. Áth ar an mbóthar a bhíodh anseo agus tugadh an t-ainm seo air mar gheall ar an bpuiteach a dhéanadh na capaill. Trasna uaidh seo tá góilín farraige a dtugtar

Crompán Aill an Mhianaigh (nó An Mhianra) air. Mianach atá i gceist leis seo agus tá ainmneacha cosúil leis ar fud Chonamara ar áiteanna a mbíodh mianach tráth, cé nach eol dom an



Colm Ó Gaora

raibh mianach riamh san áit áirithe seo nó nach raibh.

Tá an teach ina mbíodh cónaí ar an scríbhneoir Colm Ó Gaora (1887-1954) i bhfolach i measc na gcrann taobh thall den chasadh sa mbóthar a théann

síos chuig an gcrompán seo. Luaigh mé a leabhar *Obair is Luadhainn* (1937) cheana; déanann sé cur síos ann ar shaol oibre na Gaeltachta, iascairí, feirmeoirí, lucht bainte carraigín agus dóiteoirí ceilpe agus chomh maith leis seo tá caibidil ghearr aige faoi na cluichí a himrítí sa mbeagán ama a bhí fágtha tar éis na hoibre. Tugann Ó Gaora tuairisc ar a laethanta scoile i Rosmuc, a chuid oibre mar mhúinteoir taistil le Conradh na Gaeilge agus an pháirt a ghlac sé i bhfeachtas áitiúil an IRA i rith Chogadh na Saoirse ina dhírbheathaisnéis *Mise* (1943). Beidh mé ag tabhairt cuntais ar shuíomh ceann de na cathanna ar scríobh sé faoi, luíochán na Scríbe, in alt amach anseo.

Is i Bridget Bhreathnach a d'aistrigh alt seo Tim Robinson. Is é alt a 30 de shraith alt atá ann. Foilsíodh Altanna 1-29 ina leabhar Mapping South Connemara atá le fáil ó Folding Landscapes i gCloch na Rón. D'aistrigh Liam Mac Con Iomaire an leabhar go Gaeilge faoin teideal Conamara Theas - Áit agus Ainm, agus d'fhoilsigh Coiscéim é i 1992. Leanfaidh Cuisle an tsraith sna heagráin atá romhainn.



Ar mhaith leat síntiús bliana saor in aisce?

DO BHARÚIL

Do bharúil faoi *Cuisle*? Líon isteach an ceistneoir led thoil agus seol ar ais chugainn é. Tabharfaidh muid síntiús bliana saor in aisce don chéad fiche duine a fhreagraíonn an ceistneoir is a chuireann ar ais chugainn é. Gheobhaidh gach éinne eile a chuireann ar ais é cóip den chéad eagrán eile de *Cuisle saor in aisce* tríd an bpost. AGUS cuirfead d'ainm sa hata le haghaidh deireadh seachtaine do bheirt in óstán galánta in iarthar na hÉireann. Seol ar ais iad chuig: *Cuisle, An tEastát Tionsclaíochta, Casla, Co na Gaillimhe.*

1 An bhfuil leagan amach na hirise
lag ceart go leor go maith fíormhaith
Cén t-athrú ar mhaith leat a fheiceáil ann?

2 An bhfuil na pictiúirí inti
lag ceart go leor go maith fíormhaith

3 Ar mhaith leat
níos mó pictiúirí níos lú pictiúirí an oiread céanna pictiúirí
Cén t-athrú ar mhaith leat a fheiceáil sna pictiúirí?

4 An bhfuil ábhar na hirise
leamh réasúnta suimiúil an-suimiúil fíorshuimiúil

5 An bhfuil na haltanna inti
róghearr díreach ceart rófhada

6 Cuir tic leis na hábhair ar mhaith leat a léamh san iris:

Spórt greann nuacht cúrsaí reatha faisean idirlíon ceol drámaíocht
ealaíon teilifís raidió cúlchaint comhshaoil cócaireacht siamsaíocht
saol na Gaeltachta saol na Gaeilge siúlóidí garraíodóireacht damhsa polaitíocht
eacnamaíocht cúrsaí gnó cúrsaí eachtrach oideachas taisteal teicneolaíocht nua
litríocht ábhar don fhoghlaiméoir ábhar do thuismitheoirí

7 Ar mhaith leat aon ábhar eile a fheiceáil san iris?

8 Ó thaobh na Gaeilge de, an bhfuil *Cuisle* róshimplí soléite ródheacair

9 Maidir leis na blúirí Béarla, an bhfuil siad as alt ceart go leor ina áis duit

10 Maidir leis na blúirí Béarla, ar cheart cur leo baint uathu cloí leo mar atá

11 Maidir leis An Chlúid ar spéis le do chuid páistí é ar cuma le do chuid páistí faoi ar bhreá le do chuid páistí é

12 Ar ceart níos mó den Chlúid a bheith ann níos mó mar atá níos lú

13 Maidir leis An Fhuinneog, an bhfuil an t-ábhar inti róbhunúsach mar is ceart róchasta

14 An bhfuil an t-ábhar inti leamh ceart go leor spéisiúil fíorspéisiúil

Aon tuairimí eile agat faoin iris:

Eolas fútsa:

Fear Bean Aoisghrúpa: 0-7 7-15 15-25 25-40 40+
Ceantar: Connacht Uladh Mumhan Laighean BÁC
Gaeilge: Cúpla Focal Measartha Maith Líofa

Ainm: Sloinne:

Seoladh:

Teil: Ríomhphost:


'Céard déarfá le Gaillimh...?'

TÁ BORRADH faoin gCeathrú Rua. Tá Raidió na Gaeltachta agus Teilifís na Gaeilge in aice lámhe, *Foinse* á fhoilsiú ann — *Cuiste* ar an táirseach — agus bíonn an banc ar oscailt ann trí lá sa tseachtain.

Bíonn sin, agus peileadóirí móra ag traenáil. Tá a gcáil i bhfad is i ngearr, agus is mór an cliú do Chonamara iad. Dearg agus dubh: brat na Ceathrún Ruaidh: bíonn sé ar foluain ó Bhearna go Carna.

Tháinig Seán Ó Domhnaill chun cinn ar fhoireann na Gaillimhe i 1997. Seán óg de Paor ag imirt leo ó thús na naochaidí. Tá beirt eile d'fhoireann na Ceathrún Ruaidh ar phainéal na Gaillimhe, sin iad Pat Comer, cúl báire, agus Terry Mac Donncha. Bíonn Mícheál Geoghegan, Leitir Móir ag traenáil le foireann na Gaillimhe freisin. Sin cúigear de bhunadh Chonamara. Níor tharla a leithéid riamh cheana.

Tá sinsir na Ceathrún Ruaidh i mbarr a réime ó 1995. Sin í an bhliain ar thosaigh Seánín Tommy Breathnach ina bhainisteoir. I 1995, bhuaigh siad an tsraith. Bhuaigh siad craobh an chontae i 1996. Thug siad leo corn peile na Gaeltachta sa mbaile i 1997. I mbliana,



Seán Breathnach, bainisteoir fhoireann na Ceathrún Rua

chuir an club téagar i bhfoireann an chontae, agus a lorg ar Pháirc an Chrócaigh.

"Is é comórtas na sinsear an chéim is airde sa chontae," arsa Seán Breathnach. "Díoladh 200 ticéad anseo don chluiche i gCastlebar le deireanas. Tagann daoine

as 'chuile áit i gConamara chuig na cluichí móra. Is breá an rud lucht tacaíocht a thabhairt soir." Is cinnte gur minic slógadh carranna ag cruinniú ar aghaidh Halla Éinne ar maidin, agus na tinte cnámh lasta rompu san oíche.

Oibríonn leaids na Gaeltachta agus leaids na Galltachta as lámha a chéile ar son an chontae, ach ní bhíonn clubannaí móra na Gaillimhe gan drochmheas ar na fir aniar. "Go back to the rocks," arsa fear leo an lá ar bhuail siad an Dún Mór i leathchraobh an chontae. Thug fear eile aghaidh air: "we have full employment, we have our own radio station, we'll soon have our own television station, and we're going to win the county," arsa sé. B'fhíor dó.

Ní bhíonn rath ar fhoireann peile ach áit a mbíonn pobal téagartha agus cur le chéile. Is amhlaidh atá ar an gCeathrún Rua. Agus cuireann éachta a cuid imreoirí misneach i muintir Chonamara ar fad. Más faoin imirce agus faoin mbád bán a scríobhadh na hamhráin nua cúig bhliain déag ó shin, tá an lá sin caite. Agus cumfar amhrán má bronntar gradam All-Star ar dhuine de na tréanfhir aniar — an Domhnallach, b'fhéidir?



CÚRSAÍ GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

— gach leibhéal foghlama —

chomh maith le

Laetha saoire gníomhaíochta i

Siúl Sléibhe • Damhsaí Thír Chonaill • Ealaín Mara

Scoil Shamhraidh i dTeanga & Cultúr

Potadóireacht Ceilteach • Seinm an Bhodhráin • Fíodóireacht Taipéise

Scoil Seandálaíochta • Seinm an Fhliúit • Imshaol & Cultúr

Bileog 1999 ar fáil anois ó

OIDEAS GAEL

Gleann Cholm Cille, Co Dhún na nGall

Fón: 073 30248

Facs: 073 30348

email: oidsgael@iol.ie

www: oideas-gael.com

'Saoire den Scoith'



Ealaín ar Chriathrach

'Monica' a baisteadh go háitiúil ar an bpictiúr seo ag ócaid seolta an taispeántais 'Ealaín ar Chriathrach' ag Féile an Phléaráca i gConamara le déanaí. B'é Seán Ó Flaithearta as Árann a rinne é.

"NÍL MÓRÁN áiseanna i gConamara d'ealaíontóirí na háite," dar le Mandy Uí Mhurchú, eagraí fhéile an Phléaráca sa cheantar. Dá bharr sin, shocraigh buíon ealaíontóirí aird a tharraingt ar an bhfadhb le linn na féile i mbliana. Seachas a saothar a chur ar taispeántas i ndánlann, is amuigh ar an gcriathrach a chuir siad na pictiúirí.

Ealaín gan éirí in airde, ealaín don ghnáthdhuine, sin é atá i gceist leis an tsaispeántas.

"Tá saibhreas ceoil agus

aisteoireachta sa gceantar, ach níor deineadh aon fhorbairt ar ealaín na súl," arsa urlabhraí na féile.

Ní hionann agus an aisteoir-eacht agus an ceol, ní cuid de shaol Chonamara atá san ealaín. Is rud í an ealaín a dhéanann daoine ina n-aonar, agus tá sé deacair ar dhuine díriú air nuair nach bhfuil glacadh leis, dar le duine de ealaíontóirí an Phléaráca. "Is rud costasach atá san ealaín, ní amháin go dteastaíonn airgead chuige, ach teastaíonn am freisin," ar sé.

AR FÁIL GO LUATH



AN CLAÍOMH SOLAIS
Úrscéal nua le húdar
 AN DÓCHTÚIR ÁTHAS
 Liam Mac Cóil

Leabhar Breac
 Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Beatha teanga í a labhairt!



Labhair í ag imeachtaí

g gael-linn

- Slógadh
- Díospóireachtaí
- Spraoicheist
- Comórtas Peile
- Irisí Oideachasúla
- Cúrsaí do dhaoine fásta agus daltaí
- Ceol

26 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2
 Teil: 01 - 6767283 Facs: 01 - 6767030
 e mail: gaellinn @tinet.ie

*Mheasamar gurbhaith lenár
gcuid custaiméirí fiú a bheith acu cá
mhéad airgid a chaitheann siad ar
earraí Éireannacha.*



Eamonn & Feargal Quinn
of Superquinn

*Mar sin de, in 1991, rinneamar an méid a chaitheann gach
siopadóir ar earraí Éireannacha a phriontáil ar a gcuid admhálacha.
Is mian lenár gcuid custaiméirí tuilleadh a chaitheamh ar earraí
Éireannacha - is earraí Éireannacha 60% dá ndóigheamh, agus tá*

*sin ag méadú. Chun sin a bascú dóibh, chuirreamar seantóga
beaga mar shainchomharthaí ar earraí Éireannacha ar na
seilfeanna. An chéad uair eile a tháinig tú ag siopadóireacht
againne, bí ag faire amach le haghaidh na seantóga.*


SUPERQUINN

COME FOR THE *prices*, AND YOU'LL STAY FOR THE SERVICE.

FLORA LIGHT	0.53
TOOTH PASTE	1.07
16 BRL OUE	24.53
CASH CHANGE	24.53
	0.00
• YOUR IRISH PURCHASES	19.02
GO RAINN MATH AGAT	

Dhá shúil
Dhá chluais
Dhá láimh
Dhá chois...

Dhá theanga
Gan amhras!



Údair na Gaeltachta